CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

# Cinneadh Uimh. 15-2024 lena leagtar síos na rialacha le haghaidh cur chun feidhme Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Iniúchóirí

# Clár


Teideal I – Eagar na Cúirte 8

Caibidil I – Na Comhaltaí 8

Roinn 1 – An ceart atá ag na Comhaltaí go ndéantar iad a chur ar an eolas agus an dualgas atá orthu faisnéis a chomhroinnt 8

(Airteagal 1 de na Rialacha Nós Imeachta) 8

Airteagal 1 8

Airteagal 2 9

Airteagal 3 9

Airteagal 4 9

Airteagal 2 – Oibleagáidí na gComhaltaí agus feidhmiú a gcuid dualgas 9

(Airteagal 3 de na Rialacha Nós Imeachta) 9

Airteagal 5 9

Airteagal 6 10

Airteagal 7 10

Roinn 3 – Scor go héigeantach 11

(Airteagal 4 de na Rialacha Nós Imeachta) 11

Airteagal 8 11

Roinn 4 – Comhaltaí a ionadú ar bhonn sealadach 11

(Airteagal 6 de na Rialacha Nós Imeachta) 11

Airteagal 9 11

Roinn 5 – An nós imeachta le haghaidh togadh an Uachtaráin 12

(Airteagal 7 de na Rialacha Nós Imeachta) 12

Airteagal 10 12

Roinn 6 – Caidreamh seachtrach 13

(Airteagal 9, Mír 1 (b) agus (e) de na Rialacha Nós Imeachta) 13

Airteagal 11 13

Airteagal 12 13

Caibidil II – Na Seomraí 14
(Airteagail 10 agus 11 de na Rialacha Nós Imeachta) 14
Airteagal 13 14
Airteagal 14 14
Airteagal 15 14
Airteagal 16 15
Airteagal 17 15
Airteagal 18 16
Caibidil III – Coistí 16
(Airteagal 12 de na Rialacha Nós Imeachta) 16
Roinn 1 – An Coiste Riaracháin 16
Airteagal 19 16
Airteagal 20 16
Airteagal 21 17
Airteagal 22 17
Airteagal 23 18
Airteagal 24 18
Airteagal 25 19
Airteagal 26 19
Airteagal 27 19
Airteagal 28 19
Airteagal 29 19
Airteagal 30 20
Roinn 2 – An Coiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta 20
Airteagal 31 20
Airteagal 32 20
Roinn 3 – An Coiste Eitice 22
Airteagal 33 22
Airteagal 34 22
Roinn 4 – An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí 22
Airteagal 35 22
Airteagal 36 22
Airteagal 37 23

Caibidil IV – An tArd-Rúnaí 24
(Airteagal 13 de na Rialacha Nós Imeachta) 24
Airteagal 38 24
Airteagal 39 24
Airteagal 40 25
Caibidil V – Feidhmiú Dhualgais Na Cúirte 25
Roinn 1 – Tarmligean 25
(Airteagal 14 de na Rialacha Nós Imeachta) 25
Airteagal 41 25
Airteagal 42 26
Roinn 2 – Struchtúr na heagraíochta 26
(Airteagal 16 de na Rialacha Nós Imeachta) 26
Airteagal 43 26
Airteagal 44 27
Teideal II – Nósanna imeachta oibríochtúla na cúirte 28
Caibidil I – Cruinnithe na Cúirte agus na Seomraí 28
(Airteagail 17 agus 24 de na Rialacha Nós Imeachta) 28
Roinn 1 – Rialacha Ginearálta 28
Airteagal 45 28
Airteagal 46 28
Airteagal 47 29
Airteagal 48 29
Airteagal 49 29
Airteagal 50 29
Roinn 2 – Cruinnithe Seomra 30
Airteagal 51 30
Airteagal 52 30
Airteagal 53 30
Airteagal 54 31
Airteagal 55 31
Airteagal 56 31

Caibidil II – Doiciméid a ullmhú agus a ghlacadh 31

(Airteagail 25 agus 28 de na Rialacha Nós Imeachta) 31

Roinn 1 – Doiciméid a ullmhú 31

Airteagal 57 31

Roinn 2 – Réamhbharúlacha a scrúdú agus a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí ábhartha 32

Airteagal 58 32

Airteagal 59 33

Airteagal 60 33

Airteagal 61 33

Airteagal 62 34

Airteagal 63 34

Airteagal 64 34

Roinn 3 – Nós imeachta na cúirte chun doiciméid a ghlacadh 35

Airteagal 65 35

Airteagal 66 35

Roinn 4 – Nós imeachta na Seomraí chun doiciméid a ghlacadh 36

Airteagal 67 36

Airteagal 68 37

Caibidil III – Táirgí na Cúirte a chur in iúl 37

(Airteagail 28 agus 29 de na Rialacha Nós Imeachta) 37

Roinn 1 – Cur ar aghaidh 37

Airteagal 69 37

Airteagal 70 38

Roinn 2 – Foilsiú 38

Airteagal 71 38

Airteagal 72 39

Roinn 3 – Scaoileadh amach 39

Airteagal 73 39

Caibidil IV – Tríú páirtithe a bheith ag cur in aghaidh tuarascálacha, tuairimí agus barúlacha 39

(Airteagail 25 agus 26 de na Rialacha Nós Imeachta) 39

Airteagal 74 39

Caibidil V – Iniúchóireachtaí a sheoladh 40

(Airteagail 30 agus 31 de na Rialacha Nós Imeachta) 40

Roinn 1 – Prionsabail ghinearálta 40

Airteagal 75 40

Roinn 2 – Tascanna iniúchóireachta a dhéanamh 40

Airteagal 76 40

Airteagal 77 40

Roinn 3 – Foireann bainistíochta na stiúrthóireachtaí 41

Airteagal 78 41

Teideal III – Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha 42

Airteagal 79 42

Airteagal 80 42

Airteagal 81 42

Iarscríbhinn I – Cinneadh maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid na Cúirte

Iarscríbhinn II – Cód Iompair do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte

Iarscríbhinn III – Cinneadh lena leagtar síos Treoirlínte Eiticiúla do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

*<u>Séanadh</u>: I gcomhthéacs na Rialacha seo, tuigtear gurb ionann tagairt do dhaoine d'inscne ar leith agus tagairt do dhaoine d'aon inscne eile.*

# Cinneadh Uimh. 15-2024 lena leagtar síos na rialacha le haghaidh cur chun feidhme Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Iniúchóirí

**TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 13 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 285 go 287 de,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (CEFA), agus go háirithe Airteagal 106a(1) de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a glacadh an 11 Márta 2010 agus a leasaíodh go déanach le Cinneadh Uimh. 19-2020 an 14 Nollaig 2020, agus go háirithe Airteagal 34 díobh;

**TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:**

# Teideal I – Eagar na Cúirte

## Caibidil I – Na Comhaltaí

## Roinn 1 – An ceart atá ag na Comhaltaí go ndéantar iad a chur ar an eolas agus an dualgas atá orthu faisnéis a chomhroinnt

**(Airteagal 1 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 1

**01** Beidh ag gach Comhalta an ceart an fhaisnéis go léir atá ar fáil i dtaca le gníomhaíochtaí na Cúirte a rochtain.

**02** Aon fhaisnéis a fhaigheann Comhalta, agus gur faisnéis í nach mbaineann go huile agus go hiomlán le dualgas an Chomhalta sin amháin, de réir mar a shainítear in Airteagal 10 agus Airteagal 11 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ní foláir í a chur in iúl don Chomhalta/do na Comhaltaí eile ar a bhfuil freagracht as tascanna ina bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha.

**03** Aon fhaisnéis a fhaigheann Comhalta, bíodh sí ag baint le dualgais an Chomhalta féin nó ná bíodh, agus í a bheith chun leasa ginearálta na Cúirte nó tábhacht ar leith a bheith ag baint léi don Chúirt, ní foláir an fhaisnéis sin a chur in iúl do na Comhaltaí go léir.

**04** Maidir le cur in iúl na faisnéise dá dtagraítear sa chéad dá mhír anseo thuas, agus maidir le rochtain ar an bhfaisnéis sin, is faoi chuimsiú nósanna imeachta inmheánacha na Cúirte, agus ar an gcaoi sin amháin, a tharlóidh sé. An Comhalta nó na Comhaltaí ar a bhfuil freagracht as na tascanna lena mbaineann, is orthusan a fhanfaidh an fhreagracht as próiseáil na faisnéise sin atá curtha in iúl, a mhéid a bhaineann leis na Seomraí agus leis an gCúirt araon.

**05** Gan dochar don fhreagracht atá ar an Uachtarán i réimse an chaidrimh sheachtraigh, beidh an t-údarás ag na Comhaltaí, lasmuigh den Chúirt, aon fhaisnéis, tuarascálacha, tuairimí nó barúlacha a bhfuil cinneadh déanta ag an gCúirt i dtaobh iad a dhéanamh poiblí i gcur chun feidhme Airteagal 29 dá Rialacha Nós Imeachta (agus a gcuid rialacha cur chun feidhme), nó trí bhíthin aon chinneadh speisialta eile, a chur in iúl agus trácht a dhéanamh orthu. Ní fhéadfaidh aon trácht den sórt sin an bonn a bhaint ón bprionsabal gur faisnéis rúnda a bheidh in aon fhaisnéis atá ar fáil dóibh ina gcáil mar Chomhalta.

06 Aon fhaisnéis, tuarascálacha, tuairimí nó barúlacha nach bhfuil cinneadh déanta ag an gCúirt i dtaobh iad a dhéanamh poiblí, caithfear iad a mheas mar nithe rúnda agus ní fhéadfar iad a nochtadh do thríú páirtithe ach amháin nuair a thagann deireadh le nós imeachta sonrach a bheidh tionscanta ag an gCúirt nó, mura mbíonn an nós imeachta sin ann, tar éis don Chúirt a formheas a thabhairt.

### Airteagal 2

Déanfaidh an Comhalta a bheidh ag feidhmiú mar Chomhalta Tuairiscithe cóip, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm leictreonach, de gach comhfhreagras leis na húdaráis náisiúnta faoi iniúchóireacht agus leis an bhforas iniúchóireachta náisiúnta lena mbaineann a chur ar aghaidh chuig an gComhalta den Chúirt ag a bhfuil an náisiúntacht chéanna leis na comhlachtaí sin.

### Airteagal 3

Má aontaíonn Comhaltaí agallamh a dhéanamh leis na meáin in aon stát seachas a dtír féin, féadfaidh siad dul i gcomhairle ar dtús leis an gComhalta ag a bhfuil náisiúntacht an stáit lena mbaineann.

### Airteagal 4

Aon chomhfhreagras a bhaineann le gníomhaíochtaí na Cúirte agus a dhírítear chuig Comhalta, ní foláir é a liostú san fheidhmchlár oifigiúil chun nithe a thagann sa phost a chlárú ionas gur féidir na gnáthnósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá ann chun nithe a fhaightear sa phost in ainm na hInstitiúide a sheachadadh agus a choimeád.

## Airteagal 2 – Oibleagáidí na gComhaltaí agus feidhmiú a gcuid dualgas

**(Airteagal 3 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 5

Tá mionsonraí i dtaobh na n-oibleagáidí eitice atá ar na Comhaltaí faoi mar a leagtar síos in Airteagal 286 CFAE le fáil sa Chód Iompair do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte, atá ag gabháil mar iarscríbhinn leis an gCinneadh seo.

## Airteagal 6

**01** Freastalóidh na Comhaltaí ar gach cruinniú den Chúirt, de na Seomraí agus de na Coistí a mbaineann siad leo.

**02** Déanfaidh an Comhalta atá ag feidhmiú mar chathaoirleach ar an gcruinniú, le tacaíocht ó na seirbhísí ábhartha, láithreacht agus neamhláithreacht na gComhaltaí a thaifeadadh. Bunaithe ar iarraidh i scríbhinn a mbeidh údar cuí tugtha inti, breacfar síos go bhfuil leithscéal faighte ó Chomhaltaí atá as láthair. I ndiaidh gach cruinnithe, cuirfidh an Cathaoirleach an fhaisnéis sin, mar aon le haon doiciméad tacaíochta, ar aghaidh chuig Rúnaíocht na Cúirte a choimeádfaidh Rolla Tinrimh.

**03** Féadfaidh an Cathaoirleach Comhaltaí a scaoileadh ón gcúram freastal ar chruinniú dá dtagraítear i mír 1 ar na cúiseanna seo a leanas:

— drochshláinte;

— cúinsí tromchúiseacha teaghlaigh;

— a bheith ag súil le páiste, saoire mháithreachais nó saoire atharthachta;

— *force majeure*;

— i gcás cruinnithe Seomra agus Coiste, a bheith ar mhisean oifigiúil in áit éigin eile;

— i gcás cruinnithe Cúirte, a bheith ar mhisean oifigiúil i gcásanna eisceachtúla in áit éigin eile.

Sa chás go mbeadh amhras nó easaontú ann ar an gceist seo, féadfaidh an Cathaoirleach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Uachtaráin, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Uachtaráin ina thaobh.

## Airteagal 7

**01** Ar thogra ón Uachtarán, déanfaidh an Chúirt Comhaltaí a cheapadh chuig Seomraí agus/nó Coistí agus cuirfidh sí freagrachtaí sonracha ar iontaoibh gach Comhalta ar leith, lena n-áirítear don mhéid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcaidreamh institiúideach a chomhordú;

(b) tascanna a bhaineann leis an Tuarascáil Bhliantúil a chomhordú;

(c) Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta a áirithiú.

**02** I measc na bhfreagrachtaí a bheidh ar an gComhalta ar a bhfuil freagracht as an Tuarascáil Bhliantúil, beidh a chinntiú go bhfuil an obair iniúchóireachta is bun leis an Ráiteas Dearbhaithe comhleanúnach agus go ndéantar í de réir mhodheolaíocht na Cúirte ina leith sin.

## Roinn 3 – Scor go héigeantach

**(Airteagal 4 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 8

Na cruinnithe a thionóltar faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 de na Rialacha Nós Imeachta, is cruinnithe iata a bheidh iontu de réir bhrí Airteagal 49 de na rialacha cur chun feidhme seo.

Féadfaidh an Comhalta lena mbaineann labhairt sa teanga oifigiúil dá rogha féin. Cuirfidh an Chúirt ateangaireacht go dtí an teanga roghnaithe ar fáil. Cinnfidh an Chúirt, de réir an cháis, agus le tromlach de na Comhaltaí a chomhdhéanann í, an bhfuil gá le hateangaireacht chomhuaineach go dtí teangacha oifigiúla eile.

Féadfaidh comhairleoir dá rogha féin a bheith in éineacht leis an gComhalta lena mbaineann.

## Roinn 4 – Comhaltaí a ionadú ar bhonn sealadach

**(Airteagal 6 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 9

**01** Má bhíonn Comhalta den Chúirt as láthair nó gan bheith ar fáil, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis an gComhalta sin a ionadú ar bhonn sealadach.

I gcás inar tréimhse níos lú ná aon mhí amháin atá sa tréimhse a bhíonn Comhalta as láthair nó gan bheith ar fáil, déanfaidh an Comhalta sin measúnú féachaint ar cheart iondaí sealadach a bheith ann dá neamhláithreacht, nó a mhéid a dhéanfaí an t-ionadú sealadach, agus, i gcás inarb iomchuí, ainmneoidh an Comhalta sin duine amháin nó níos mó de na Comhaltaí chuige sin. Más amhlaidh nach féidir leis an gComhalta atá as láthair nó nach bhfuil ar fáil, go fisiciúil, duine amháin nó níos mó de na Comhaltaí a ainmniú mar ionadaí sealadach nó ionadaithe sealadacha, is faoin Uachtarán a bheidh sé an t-ainmniú a dhéanamh.

Má bhíonn an Comhalta as láthair nó gan bheith ar fáil ar feadh tréimhse is mó ná mí, ainmneoidh an Chúirt duine amháin (nó níos mó) de na Comhaltaí chun ionadú ar bhonn sealadach a dhéanamh ar an gComhalta sin.

Déanfar aon tréimhse fhada de neamhláithreacht Chomhalta nó aon tréimhse fhada nach mbeidh fáil ar Chomhalta a chur in iúl don Uachtarán chomh luath agus is féidir.

**02** Na rialacha maidir le hionadú sealadach Comhalta is infheidhme maidir leis na Seomraí agus na Coistí, beidh siad gan dochar don oibleagáid réasúnú cuí a tabhairt i ndáil le haon neamhláithreacht i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (3). An Comhalta a iarrann ionadú sealadach, cuirfidh an té sin in iúl don Uachtarán agus don Chomhalta a bheidh i mbun cathaoirleachta ar an gcruinniú sin cén duine atáthar ag moladh le feidhmiú mar ionadaí. Aon Chomhalta atá ainmnithe mar ionadaí sealadach, ní dhéanfar an té sin a chomhaireamh ach aon uair amháin nuair atá an córam á shuíomh agus ní bheidh ach aon vóta amháin ag an gComhalta sin sna cruinnithe sin.

## Roinn 5 – An nós imeachta le haghaidh togadh an Uachtaráin

**(Airteagal 7 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 10

**01** Déanfaidh an tUachtarán atá ag dul as oifig, nó atá ag feidhmiú ar bhonn gníomhach, an toghchán don Uachtarán nua a eagrú laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos in Airteagal 7(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**02** Más rud é, áfach, go bhfuil an tUachtarán nó an tUachtarán gníomhach ag déanamh iarrthóireachta ar oifig an Uachtaráin, titfidh eagrú an toghcháin don Uachtarán nua ar an gcéad duine de Chomhaltaí na Cúirte nach bhfuil ag déanamh iarrthóireachta ar Oifig an Uachtaráin, de réir an oird tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta.

**03** Is iad na hiarrthóireachtaí a chuirtear in iúl i bhfógra do Chomhaltaí eile na Cúirte aon lá glan amháin sula dtosaíonn an vótáil, agus iadsan amháin, a dhéanfar a mheas. Is iad na vótaí do na Comhaltaí atá ina n-iarrthóirí, agus iadsan amháin, a dhéanfar a chomhaireamh.

**04** Déanfar an t-iarrthóir a fhaigheann tromlach dhá thriain de vótaí Chomhaltaí na Cúirte sa chéad bhabhta vótála a thoghadh mar Uachtarán. Mura bhfaigheann aon duine de na hiarrthóirí an tromlach sin, beidh an dara ballóid ann láithreach agus toghfar an t-iarrthóir a fhaigheann an tromlach glan de na vótaí.

**05** Más rud é, sa dara babhta vótála, nach bhfuil tromlach glan faighte ag iarrthóir ar bith, déanfar an bhallóid a idirscor go ceann tréimhse a chinnfidh an Chúirt ag an am sin. I rith na tréimhse sin, féadfar iarrthóireachtaí nua a chur isteach. Déanfar na hiarrthóireachtaí sin a chur in iúl i bhfógra do na Comhaltaí eile aon lá glan amháin sula gcromtar arís ar an vótáil. Beidh na hiarrthóireachtaí a cuireadh isteach don chéad chéim den toghchán fós bailí, mura rud é go ndéantar iarrthóireacht a tharraingt siar agus é sin a bheith curtha in iúl i bhfógra do na Comhaltaí eile laistigh den tréimhse chéanna. Ag deireadh na tréimhse sin, beidh céadbhabhta vótála ann, agus, más gá, an dara agus an tríú babhta vótála i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo.

**06** Má tharlaíonn sé go mbeidh gá leis an gceathrú babhta vótála, ní mheasfar ach an dá iarrthóir is mó a fuair vótaí sa tríú babhta. Má bhíonn triúr iarrthóirí nó níos mó ann a fuair an líon is mó vótaí, tabharfar tús áite le haghaidh an cheathrú babhta don bheirt Chomhaltaí is airde san ord tosaíochta faoi théarmaí Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta. Más amhlaidh, chun an dara hiarrthóir a chinneadh, go mbíonn beirt iarrthóirí nó níos mó ann a fuair an méid céanna vótaí, tabharfar tús áite le haghaidh an cheathrú babhta don Chomhalta is airde san ord tosaíochta faoi Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta. Ag deireadh an cheathrú babhta seo, toghfar an t-iarrthóir a gheobhaidh tromlach simplí. Má chaitear an líon céanna vótaí do gach aon iarrthóir, toghfar an Comhalta is airde san ord tosaíochtaí faoi théarmaí Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta.

## Roinn 6 – Caidreamh seachtrach

**(Airteagal 9, Mír 1 (b) agus (e) de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 11

I gcás doiciméid a léiríonn seasamh na Cúirte ag cruinnithe de chuid an Choiste Teagmhála de Cheannasaithe agus Oifigigh Idirchaidrimh Uasfhorais Iniúchóireachta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag cruinnithe EUROSAI agus INTOSAI nó ag aon chruinniú eile den sórt sin, déanfaidh an Coiste Riaracháin iad a scrúdú sula gcuirtear faoi bhráid na Cúirte iad.

### Airteagal 12

Gheobhaidh an tUachtarán cúnamh ón gComhalta um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta a mhéid a bhaineann le hionadaíocht na Cúirte ar chomhlachtaí idirnáisiúnta a shocraíonn caighdeáin ghairmiúla agus ón gComhalta um an gCaidreamh

Institiúideach a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí na Cúirte sa chaidreamh institiúideach.

## Caibidil II – Na Seomraí

**(Airteagail 10 agus 11 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 13

Déantar, leis seo, cúig Sheomra a bhunú. Beidh gach aon Seomra comhdhéanta de chúigear Comhaltaí ar a laghad, arna sannadh ag an gCúirt ar thogra ón Uachtarán faoi mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 7(1) de na rialacha cur chun feidhme seo.

### Airteagal 14

**01** I gClár Oibre na Cúirte, déanfar tascanna a shannadh do na Seomraí chun a chinntiú go bhfuil braislí loighciúla tascanna ag gach aon Seomra a léiríonn an taithí, eolas agus inniúlacht atá sa Seomra.

**02** De réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 31 de na Rialacha Nós Imeachta, caitheann Comhalta atá ag feidhmiú mar Chomhalta Tuairiscithe dréacht-tascphleananna, dréacht-tuarascálacha nó dréacht-tuairimí a chur faoi bhráid Seomra i gcomhair a mbreithnithe.

**03** Le haghaidh gach taisc, déantar Comhaltaí Tuairiscithe a shainaithint i gClár Oibre na Cúirte ar leibhéal na Cúirte nó ar leibhéal an tSeomra, de réir mar a bheidh, agus féadann Comhaltaí Tuairiscithe tuairisciú chuig Seomra eile seachas an ceann a bhfuil siad féin ann.

**04** Ar thogra ó dhuine dá chuid Comhaltaí, féadann Seomra a chinneadh, le tromlach de Chomhaltaí an tSeomra sin, a chuid doiciméad a tharchur chuig an gCúirt de bhun Airteagal 11(2) de na Rialacha Nós Imeachta.

### Airteagal 15

**01** Déanfar an Déan do gach aon Seomra a thoghadh le tromlach de Chomhaltaí an tSeomra ar feadh téarma dhá bhliain, agus beidh an téarma sin in-athnuaite.

**02** Is iad na vótaí do na Comhaltaí atá ina n-iarrthóirí, agus iadsan amháin, a dhéanfar a chomhaireamh. Déanfar an t-iarrthóir a fhaigheann tromlach glan de vótaí Chomhaltaí an tSeomra sa chéad bhabhta vótála a thoghadh mar Dhéan. Mura bhfaigheann aon

duine de na hiarrthóirí an tromlach sin, is iad an dá iarrthóir is mó a fuair vótaí sa chéad bhabhta, agus iadsan amháin, a mheasfar don dara babhta. Má fhaigheann na hiarrthóirí is mó a fuair vótaí an líon céanna vótaí sa chéad bhabhta, tabharfar tús áite don bheirt Chomhaltaí is airde san ord tosaíochtaí faoi Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta. Déanfar an t-iarrthóir a fhaigheann tromlach na vótaí sa dara babhta vótála a thoghadh mar Dhéan. Más amhlaidh go bhfaigheann an bheirt iarrthóirí an líon céanna vótaí sa dara babhta, tabharfar tús áite don Chomhalta is airde san ord tosaíochta faoi Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta.

## Airteagal 16

Déanfaidh an Déan tascanna a chomhordú, agus a chinntiú go bhfuil an Seomra ag feidhmiú go seolta agus go héifeachtach. Déanfaidh an Déan obair an tSeomra a thionscnamh agus a chomhordú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na tascanna seo a leanas:

— cruinnithe an tSeomra a ghairm agus feidhmiú mar chathaoirleach orthu;

— cinntí an tSeomra a ullmhú;

— a chinntiú go ndéantar cinntí an tSeomra a chur chun feidhme;

— rannchuidiú le Clár Oibre na Cúirte;

— tascanna iniúchóireachta a leithdháileadh ar Chomhaltaí an tSeomra;

— a mholadh cén chaoi a ndéantar acmhainní foirne agus buiséadacha a leithdháileadh de réir na dtascanna éagsúla atá sa chlár oibre;

— maoirseacht a dhéanamh ar an obair leantach a éiríonn as tascanna a chomhlíonadh faoin gclár oibre;

— feidhmiú mar ionadaí don Seomra i gcomhlachtaí eile.

Féadfaidh an Déan tascanna iniúchóireachta a shannadh.

## Airteagal 17

I gcás ina bhfuil Déan Seomra le hionadú ar bhonn sealadach, déanfar é sin i gcomhréir leis an ord tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta.

### Airteagal 18

Comhoibreoidh na Seomraí le chéile.

## Caibidil III – Coistí

**(Airteagal 12 de na Rialacha Nós Imeachta)**

## Roinn 1 – An Coiste Riaracháin

### Airteagal 19

**01** Beidh an Coiste Riaracháin comhdhéanta d'Uachtarán na Cúirte, Déin na seomraí, an Comhalta um an gCaidreamh Institiúideach, agus an Comhalta um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta. Tuairisceoidh an Comhalta atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil chuig an gCoiste Riaracháin maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar tháirgeadh na Tuarascála Bliantúla, agus freisin ar aon saincheist ábhartha a bhaineann le hacmhainní.

**02** Glacfaidh an tArdrúnaí páirt i gcruinnithe an Choiste Riaracháin i gcáil neamhvótála.

**03** Ainmneoidh gach Seomra Comhalta ionaid a chaithfidh teacht in ionad an Déin le freastal ar an gCoiste Riaracháin aon uair a bhíonn an Déan as láthair nó nuair nach féidir leis an Déan freastal ar chruinniú.

**04** Déanfaidh an Coiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta Comhalta ionaid a ainmniú a chaithfidh teacht in ionad an Chomhalta um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta aon uair a bhíonn an Comhalta sin as láthair nó nuair nach féidir leis an gComhalta sin freastal ar chruinniú.

**05** I gcás ina mbíonn an tArdrúnaí as láthair nó gan a bheith ar fáil, tiocfaidh duine ionaid ina áit an Ardrúnaí ag na cruinnithe.

### Airteagal 20

Mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt sna rialacha cur chun feidhme seo, beidh feidhm ag forálacha Airteagail 49 agus 51 go 56 maidir le cruinnithe an Choiste Riaracháin.

## Airteagal 21

**01** Feidhmeoidh Uachtarán na Cúirte mar chathaoirleach ar an gCoiste Riaracháin. Má bhíonn an tUachtarán le hionadú ar bhonn sealadach, is duine de Chomhaltaí na Cúirte atá ar an gCoiste Riarachán a ghabhfaidh ionad an Uachtaráin sa chathaoir de réir an oird tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta.

**02** Déanfaidh Uachtarán na Cúirte obair an Choiste a thionscnamh agus a chomhordú.

## Airteagal 22

**01** Beidh freagracht ar an gCoiste Riaracháin as cúrsaí riaracháin a éilíonn cinneadh ón gCúirt, cé is moite de na nithe sin a bhfuil freagracht ar an gCúirt ina dtaobh ina cáil mar údarás ceapacháin (Airteagal 2 de na Rialacháin Foirne) agus ina cáil mar an t-údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach), lena n-áirítear:

(a) leithdháileadh leithreasuithe misin atá formheasta ag an gCúirt sa bhuiséad;

(b) leithdháileadh post i gcomhréir leis an gcreat a bheidh leagtha síos ar leibhéal na Cúirte;

(c) glacadh an Phlean Treoch don Oiliúint Ghairmiúil agus an Chláir Oiliúna Bhliantúil i gcomhréir leis an gcreat a bheidh leagtha síos sa straitéis acmhainní daonna;

(d) glacadh leasuithe ar chinntí atá cheana ann ina ndéantar beartais riaracháin a leagan amach;

(e) athbhreithnithe ar an gCreat Rialaithe Inmheánach;

(f) seirbhísí a lonnú go buan/go sealadach i bhfoirgnimh na Cúirte;

(g) modhnuithe ar rannchuidithe bliantúla na n-eagraíochtaí éagsúla a bhfuil an Chúirt páirteach iontu sa chás nach bhfuil aon cheist phrionsabail i gceist.

**02** Féadfaidh an Coiste Riarachán na cumhachtaí a thugann an tÚdarás Ceapacháin dó i gcomhréir le cinneadh sonrach de chuid na Cúirte a fheidhmiú.

**03** Beidh an fhreagracht freisin ar an gCoiste Riaracháin as aon ní a bhaineann le rialachas na teicneolaíochta faisnéise agus le bainistiú eolais.

**04** Thairis sin, beidh an fhreagracht ar an gCoiste Riaracháin as cinntí a ghlacadh i dtaobh aon cheist eitice gairmiúla a bhaineann leis an bhfoireann.

**05** Déanfaidh an Comhalta um an gCaidreamh Institiúideach aon ní a bhaineann le freagrachtaí an Choiste Riaracháin a thabhairt ar aire an Choiste sin.

**06** Féadfaidh an tArdrúnaí aon ábhar riaracháin a thabhairt os comhair an Choiste Riaracháin.

## Airteagal 23

**01** Déanfaidh an Coiste Riaracháin, ag tarraingt i gcás inarb iomchuí ar rannchuidithe ó na Seomraí agus ón Ardrúnaí, cinntí na Cúirte ar chúrsaí beartais nó prionsabail, nó ar nithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, a ullmhú, lena n-áirítear:

(a) straitéis fhoriomlán na Cúirte;

(b) clár oibre na Cúirte;

(c) cumarsáid inmheánach agus sheachtrach na Cúirte agus a caidreamh le geallsealbhóirí;

(d) an buiséad agus na cuntais;

(e) an tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí;

(f) nósanna imeachta nua riaracháin;

(g) leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta agus ar a gcuid rialacha cur chun feidhme.

**02** Déanfaidh an Coiste Riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na ndoiciméad atá luaite i mír 1, agus déanfaidh sé meastóireacht ar thionchar na ndoiciméad sin. Féadfaidh an Coiste Riaracháin a mholadh freisin nuashonrú a dhéanamh ar straitéis fhoriomlán agus clár oibre na Cúirte dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b).

**03** Beidh freagracht ar an gCoiste Riaracháin as doiciméid neamh-iniúchóireachta gaolmhara a ullmhú lena nglacadh ag an gCúirt. Is í an Chúirt a chinnfidh an sannadh de réir an cháis bunaithe ar thogra ón Uachtarán.

## Airteagal 24

Beidh cruinniú ag an gCoiste Riaracháin nuair a dhéanfaidh an tUachtarán é a chomóradh i bhfógra a bheidh dírithe chuig Comhaltaí an Choiste agus a sheolfar ar a laghad cúig lá oibre roimh an dáta atá sceidealaithe don chruinniú. Déanfar cóip den fhógra a sheoladh chuig Comhaltaí uile na Cúirte.

### Airteagal 25

Is é an córam atá ag teastáil do chruinnithe ná dhá thrian de Chomhaltaí an Choiste Riaracháin.

### Airteagal 26

**01** Beidh rannpháirtíocht sa Choiste Riaracháin oscailte do Chomhaltaí uile na Cúirte.

**02** Féadfaidh duine amháin nó níos mó dá bhfoireann a bheith mar chúnamh ag Comhaltaí Tuairiscithe le linn an scrúdaithe ar an doiciméad a bhfuil siad freagrach ina leith.

**03** Féadfaidh daoine eile d'fhoireann na Cúirte freastal ar chruinnithe den Choiste Riaracháin de réir mar a mheasann Comhaltaí an Choiste go bhfuil gá leis sin.

### Airteagal 27

**01** Déanfar cinntí a ghlacadh le tromlach na gComhaltaí a chomhdhéanann an Coiste Riaracháin. Sa chás go mbeidh an líon céanna vótaí i bhfabhar agus vótaí i gcoinne ann, beidh an vóta réitigh ag an Uachtarán nó ag an gComhalta atá ag ionadú don Uachtarán ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de na rialacha cur chun feidhme seo.

**02** Aon Chomhalta nach bhfuil ag feidhmiú mar Chomhalta den Choiste Riaracháin agus a chuireann doiciméad faoi bhráid an Choiste Riaracháin, beidh an Comhalta sin i dteideal vótáil ar an doiciméad sin.

**03** I gcomhréir le hAirteagal 27 de na Rialacha Nós Imeachta, beidh feidhm ag forálacha Airteagail 67 agus 68 de na rialacha cur chun feidhme seo maidir leis an gCoiste Riaracháin.

### Airteagal 28

A mhéid a bhaineann leis an riarachán ó lá go lá, féadfaidh an Coiste Riaracháin, ar thogra ó dhuine dá chuid Comhaltaí, a chinneadh, trí thromlach Chomhaltaí an Choiste, go ndéanfar an cheist i dtrácht a tharchur chuig an gCúirt.

### Airteagal 29

Doiciméid a chuirtear faoi bhráid an Choiste Riaracháin, beidh siad tarraingthe suas sna teangacha dréachtaithe a chinnfidh an Chúirt.

### Airteagal 30

Faigheann an Coiste Riaracháin tacaíocht ó rúnaíocht na Cúirte agus ó sheirbhísí Uachtaránacht na Cúirte.

## Roinn 2 – An Coiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta

### Airteagal 31

**01** Beidh an Coiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta comhdhéanta den Chomhalta um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta a bheidh ag feidhmiú mar chathaoirleach ar an gCoiste sin, agus Comhalta amháin ó gach aon Seomra.

**02** Is í an Chúirt, ar thogra ón Uachtarán, a cheapann an Comhalta um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta agus Comhaltaí eile an Choiste ar feadh téarma trí bliana, agus is féidir an téarma sin a athnuachan aon uair amháin.

**03** Beidh rannpháirtíocht sa Choiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta oscailte do Chomhaltaí uile na Cúirte.

**04** Féadfaidh daoine eile d’fhoireann na Cúirte freastal ar chruinnithe den Choiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta má mheasann Comhaltaí an Choiste go bhfuil gá leis sin.

### Airteagal 32

**01** Beidh an Coiste freagrach as:

(a) modheolaíocht na Cúirte, lena n-áirítear ionadaíocht na Cúirte ar chomhlachtaí idirnáisiúnta a shocraíonn caighdeáin ghairmiúla;

(b) tacaíocht agus forbairt iniúchóireachta, lena n-áirítear iniúchóireacht TF;

(c) formhaoirseacht ar an gcóras bainistithe cáilíochta;

(d) athbhreithniú neamhspleách ar cháilíocht;

(e) dearbhú cáilíochta;

(f) cinntí na Cúirte ar nithe a bhfuil freagracht ar an gcoiste ina dtaobh a ullmhú, agus tuairisciú don Chúirt ar a chuid gníomhaíochtaí agus ar nithe a bhaineann le bainistiú cáilíochta.

**02** Déanfaidh an Coiste tascanna eile atá ag luí lena chuid freagrachtaí as bainistiú cáilíochta. Féadfaidh sé aird na Cúirte a tharraingt ar aon saincheist a bhaineann lena chuid freagrachtaí agus a measann sé gur gá an Chúirt a chur ar an eolas ina taobh agus, más gá, féadfaidh sé a mholadh don Chúirt beart iomchuí a dhéanamh ina leith sin.

**03** Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste, nó má bhíonn an Cathaoirleach as láthair, an Comhalta atá ag ionadú don Chathaoirleach ar bhonn sealadach, obair an Choiste a chomhordú, agus a chinntiú go bhfuil an Coiste ag feidhmiú go seolta agus go héifeachtach trí:

(a) chruinnithe den Choiste a ghairm agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, cinntí an Choiste a ullmhú, agus a chinntiú go ndéantar na cinntí sin a chur chun feidhme;

(b) rannchuidiú le Clár Oibre na Cúirte agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh thascanna an Choiste;

(c) leithdháileadh tascanna a mholadh do Chomhaltaí an Choiste agus acmhainní foirne agus buiséadacha a leithdháileadh i gcomhréir leis na tascanna éagsúla sa Chlár Oibre;

(d) ionadaíocht a dhéanamh don Chúirt i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a shocraíonn caighdeáin ghairmiúla.

**04** Beidh cruinniú ag an gCoiste nuair a dhéanfaidh an Cathaoirleach é a chomóradh i bhfógra a bheidh dírithe chuig Comhaltaí an Choiste agus a sheolfar ar a laghad cúig lá oibre roimh an dáta atá sceidealaithe don chruinniú.

**05** Beidh feidhm ag forálacha Airteagail 46, 49, 51 go 56, 67 agus 68 de na rialacha cur chun feidhme seo maidir le cruinnithe an Choiste.

**06** Gheobhaidh an Coiste tacaíocht ó Stiúrthóireacht, a chuidíonn le Comhaltaí an Choiste na tascanna a bhfuil freagracht orthu ina leith a dhéanamh agus a chinntíonn, i gcomhchomhairle le Stiúrthóireachtaí na Seomraí, go reáchtáiltear na nósanna imeachta sáraíochta go seolta.

**07** Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 78 de na rialacha cur chun feidhme seo maidir leis an Stiúrthóir.

## Roinn 3 – An Coiste Eitice

### Airteagal 33

**01** Beidh an Coiste Eitice comhdhéanta de thriúr buanchomhaltaí agus de thriúr Comhaltaí ionaid. Sa dá ghrúpa Comhaltaí, beidh beirt de Chomhaltaí na Cúirte agus duine ó lasmuigh den Chúirt.

**02** Déanfar na Comhaltaí seachtracha a roghnú bunaithe ar a gcumas, a dtaithí agus a gcáilíochtaí gairmiúla. Beidh dea-theist fhoirfe ó thaobh iompraíocht ghairmiúil orthu agus beidh taithí acu i bhfeidhmeanna ardleibhéil ar an leibhéal Eorpach, idirnáisiúnta nó náisiúnta.

**03** Is í an Chúirt a cheapann Comhaltaí an Choiste bunaithe ar thogra ón Uachtarán. Déanfar iad a cheapadh ar feadh téarma trí bliana, a bheidh in-athnuaite aon uair amháin. Má éiríonn Comhaltaí as oifig roimh dheireadh a dtéarma, cuirfear daoine eile ina n-ionad don chuid eile den téarma sin.

**04** Déanfar agú ar théarmaí oifige Chomhaltaí an Choiste a cheaptar de bhun an chinnidh seo.

### Airteagal 34

Tá dualgais an Choiste Eitice, mar aon leis na nósanna imeachta gaolmhara, leagtha síos sa Chód Iompair do Chomhaltaí agus d’Iar-Chomhaltaí na Cúirte.

## Roinn 4 – An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí

### Airteagal 35

**01** Déanfar feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Cúirte a bhunú i gcomhréir leis an gCairt maidir le Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Cúirte.

**02** Tuairiscíonn Iniúchóir Inmheánach na Cúirte chuig an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí.

### Airteagal 36

**01** Beidh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí comhdhéanta de cheathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag an gCúirt, ar Comhaltaí den Chúirt a bheidh i dtriúr díobh sin. Trí

bliana a bheidh ina dtéarma oifige agus déanfaidh siad uainíocht ar shlí a fhágann go dtiocfaidh duine nua, gach bliain, in ionad an Chomhalta a bhí ar an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí le trí bliana roimhe sin. Is saineolaí seachtrach a cheapfar go ceann trí bliana a bheidh sa cheathrú comhalta. Féadfar téarma oifige an tsaineolaí sheachtraigh a athnuachan.

**02** Déanfaidh Comhaltaí an Choiste a gCathaoirleach a thoghadh, agus is Comhalta den Chúirt a bheidh sa duine sin.

**03** Is uair sa ráithe, ar a laghad, a reáchtálfar cruinnithe den Choiste. Déanfaidh an Cathaoirleach na cruinnithe a chomóradh.

**04** Glacfaidh an tIniúchóir Inmheánach páirt i gcruinnithe an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí.

## Airteagal 37

**01** Is é an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an comhlacht comhairleach a bhíonn ag déileáil le cúrsaí a bhaineann le feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí, agus déanann sé faireachán ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a bhaineann leis sin.

**02** Déanfar freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí a leagan síos trí bhíthin Rialacha Nós Imeachta an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí mar aon leis an gCairt maidir le Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Cúirte. Déanfaidh an Chúirt an dá dhoiciméad a ghlacadh ar thogra ó Chathaoirleach an Choiste.

**03** Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid na Cúirte ar an méid seo a leanas:

(a) a chuid gníomhaíochtaí féin;

(b) nithe a bhaineann leis an iniúchóireacht inmheánach laistigh den institiúid, bunaithe ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh.

**04** Tarraingeoidh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí aird na Cúirte ar aon saincheist a bhaineann leis an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a mheasann sé gur gá don Chúirt a bheith ar an eolas fúithi nó gur gá di beart a dhéanamh ina leith, agus déanfaidh sé, más iomchuí, na bearta ábhartha a mholadh don Chúirt.

## Caibidil IV – An tArd-Rúnaí

**(Airteagal 13 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 38

**01** Déanfaidh an Chúirt an tArdrúnaí a cheapadh ag éirí as toghchán trí bhallóid rúnda, i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas:

(a) Beidh vóta amháin ag gach Comhalta.

(b) Toghfar an t-iarrthóir a fhaigheann tromlach glan de vótaí na gComhaltaí a chomhdhéanann an Chúirt.

(c) Más rud é, ag deireadh an chéad bhabhta vótála, nach mbeidh iarrthóir ar bith tofa, déanfar aon iarrthóir nach bhfuair vóta ar bith a chur as an toghchán agus cuirfear tús láithreach leis an dara babhta vótála.

(d) Más rud é, ag deireadh an dara babhta vótála, nach mbeidh iarrthóir ar bith tofa, déanfar na hiarrthóirí nach bhfuair vóta ar bith agus an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí a fuair an líon is ísle vótaí a chur as an toghchán agus cuirfear tús láithreach leis an gcéad bhabhta vótála eile.

(e) An nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm don dara babhta vótála, cuirfear i bhfeidhm freisin é sna babhtaí vótála ina dhiaidh sin.

(f) Amhail ón gcúigiú babhta vótála ar aghaidh, áfach, más é an toradh céanna a bhíonn ar bhabhta amháin agus a bhí ar an mbabhta roimhe sin, déanfaidh an tUachtarán an cruinniú a chur ar fionraí sula dtosaíonn na chéad bhabhtaí eile.

**02** Déanfar an conradh lena bhfostaítear an tArdrúnaí a thabhairt i gcrích le haghaidh tréimhse sé bliana. Beidh an conradh sin á rialú leis na forálacha is infheidhme maidir le conarthaí fostaithe atá clúdaithe ag Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais.

**03** Féadfaidh an Chúirt a chinneadh ceapachán an Ardrúnaí a athnuachan go ceann tréimhse nach faide ná 6 bliana. Caithfear an cinneadh sin a dhéanamh le tromlach glan de Chomhaltaí na Cúirte.

### Airteagal 39

**01** Déanfaidh an tArdrúnaí, mar an duine ar a bhfuil an fhreagracht as Rúnaíocht na Cúirte, i measc nithe eile, dréacht-mhiontuairiscí ar chruinnithe na Cúirte a tharraingt

suas, agus na dréachtaí bunaidh d'ionstraimí na Cúirte, de litreacha ón Uachtarán, de chinntí uile na Cúirte, na Seomraí agus an Choiste Riaracháin agus de mhiontuairiscí chruinnithe na Cúirte, na Seomraí agus an Choiste Riaracháin a choimeád. Tabharfaidh an tArdrúnaí cúnamh don Uachtarán in ullmhú chruinnithe na Cúirte agus an Choiste Riaracháin, ag cinntiú go leantar na nósanna imeachta i gceart agus go ndéantar cinntí na Cúirte a chur chun feidhme go cuí.

**02** Sa bhreis ar an bhfreagracht atá ar an Ardrúnaí as bainistiú na foirne agus as riarachán na Cúirte, beidh freagracht ar an Ardrúnaí freisin as an mbuiséad, as an aistriúchán, as an oiliúint agus as teicneolaíocht faisnéise.

### Airteagal 40

Má bhíonn an tArdrúnaí as láthair nó gan a bheith ar fáil ar feadh tréimhse ghearr, déanfaidh an tArdrúnaí, le comhaontú an Uachtaráin, duine a ainmniú a fheidhmeoidh mar ionadaí don chúram agus, go háirithe, a dhéanfaidh dréacht-mhiontuairiscí chruinnithe na Cúirte a tharraingt suas. Más faide ná aon mhí amháin an tréimhse ina mbeidh an tArdrúnaí as láthair nó gan a bheith ar fáil, nó mura bhfuil an tArdrúnaí i riocht an té a fheidhmeoidh don chúram a ainmniú, is í an Chúirt, ar thogra ón Uachtarán, a bheidh freagrach as duine den fhoireann a ainmniú le bheith ag feidhmiú mar Ardrúnaí.

# Caibidil V – Feidhmiú Dhualgais Na Cúirte

## Roinn 1 – Tarmligean

**(Airteagal 14 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 41

An breithmheas ar an gcaoi le freagairt d'iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a bheidh seolta chuig an gCúirt ag údarás breithiúnach nó riaracháin i mBallstát, atá ag gníomhú i ndáil le himeachtaí um shárú ar Rialacháin an Aontais, beidh sé sin ina fhreagracht ar choiste *ad hoc* a bheidh comhdhéanta d'Uachtarán na Cúirte, den Chomhalta ar a bhfuil an fhreagracht as an iniúchadh i dtrácht agus den Chomhalta ag a bhfuil náisiúntacht na tíre i dtrácht.

### Airteagal 42

Gan dochar d’fhorálacha speisialta na rialacha inmheánacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad na Cúirte dá dtagraítear in Airteagal 15 de na Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh gach aon Chomhalta oifigeach amháin nó níos mó, nó daoine eile den fhoireann atá sannta chuig tasc iniúchóireachta a bhfuil freagracht ar an gComhalta ina leith, a údarú chun gach ionstraim, litir, doiciméad agus téacs eile a bhaineann leis an tasc a shíniú in ainm agus faoi fhreagracht an Chomhalta sin, cé is moite de litreacha, nótaí nó doiciméid eile atá dírithe chuig Comhalta d’Institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais, chuig Ceannasaí nó Comhalta Forais Náisiúnta Iniúchóireachta nó chuig Aire Rialtais, amhail agus dá mba sínithe go heisiach ag Comhalta den Chúirt a bheidís.

Beidh an tarmligean údaráis thuasluaite fós i bhfeidhm sa chás go ndéantar an Comhalta a thug an tarmligean a ionadú, de réir bhrí Airteagal 6 de na Rialacha Nós Imeachta, mura rud é go ndéanann an Comhalta atá ag gníomhú mar ionadaí ar bhonn sealadach cinneadh dá mhalairt.

## Roinn 2 – Struchtúr na heagraíochta

**(Airteagal 16 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 43

**01** Beidh Stiúrthóireachtaí ag tacú leis an Uachtarán, leis na Seomraí, leis an gCoiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta agus leis an Ardrúnaíocht.

**02** Ar thogra ón gCoiste Riaracháin, cinnfidh an Chúirt cá mhéad Stiúrthóireacht a bheidh ann.

**03** Cuideoidh Stiúrthóireachtaí leis na Seomraí i ndéanamh tascanna agus gníomhaíochtaí atá sannta dóibh i gClár Oibre na Cúirte.

**04** Déanfar Foireann Bainistíochta, a bheidh comhdhéanta de Stiúrthóir agus Príomhbhainisteoirí, a bhunú i ngach aon Stiúrthóireacht. Is í an Chúirt, ar thogra ón gCoiste Riaracháin, a chinneann comhdhéanamh gach aon Fhoireann Bainistíochta.

**05** Beidh an fhreagracht fhoriomlán ar an bhFoireann Bainistíochta as bainistiú thascanna, acmhainní agus eolas na Stiúrthóireachta.

**06** Déantar an fhoireann as measc na buíne foirne atá sa Chúirt ina hiomláine a leithdháileadh chuig Seomra nó Stiúrthóireacht i gcomhréir le Clár Oibre na Cúirte, agus

déanann an Seomra nó an Stiúrthóireacht tascanna atá faoina bhfreagracht siúd a shannadh dóibh.

**07** Nuair is gá, d’fhéadfaí tasc a shannadh do dhaoine den fhoireann, ar tasc é atá faoi fhreagracht Seomra nó Stiúrthóireachta eile seachas an ceann chuig a bhfuil siad leithdháilte.

**08** Comhoibreoidh na Stiúrthóireachtaí le chéile.

## Airteagal 44

**01** Déanfaidh na Stiúrthóireachtaí eolas na Cúirte a bhainistiú i líonra i gcomhréir le creat atá le glacadh ag an gCoiste Riaracháin ar thogra ón Ardrúnaí.

**02** Déanfar na príomhthéamaí, a bhfuil eolas ina dtaobh le cruthú, le cothabháil agus le comhroinnt, a chur i gClár Oibre na Cúirte agus déanfar na téamaí sin a nuashonrú ann.

**03** Déanfar faireachán ar ghníomhaíochtaí an líonra laistigh den chreat atá leagtha síos i gClár Oibre na Cúirte.

# Teideal II – Nósanna imeachta oibríochtúla na cúirte

## Caibidil I – Cruinnithe na Cúirte agus na Seomraí

**(Airteagail 17 agus 24 de na Rialacha Nós Imeachta)**

## Roinn 1 – Rialacha Ginearálta

### Airteagal 45

Déanfar doiciméid a chuirtear faoi bhráid na Cúirte nó, de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, a chuirtear faoi bhráid Seomra a tharraingt suas sna teangacha dréachtaithe a chinnfidh an Chúirt.

### Airteagal 46

**01** Déanfar an dréachtchlár gnó le haghaidh cruinnithe Cúirte nó Seomra, agus na doiciméid a bhaineann leo, a chur in iúl i bhfógra do Chomhaltaí uile na Cúirte. Ach amháin i gcásanna práinneacha cuí-réasúnaithe, agus a chinneann an tUachtarán nó an Déan de réir an cháis ar iarraidh ó Chomhalta Tuairiscithe, déanfar an fógra sin ar a laghad cúig lá oibre roimh an gcruinniú. Chun a chinntiú go ndéantar de réir na teorann ama sin, cinnteoidh Comhaltaí na Cúirte go gcuirtear na doiciméid isteach d'fhonn a gcláraithe chuig Ardrúnaíocht na Cúirte laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha síos.

**02** Más rud é nach mbíonn na doiciméid tugtha amach i dteangacha dréachtaithe na Cúirte laistigh den teorainn ama cúig lá atá sonraithe i mír 1, féadfaidh Comhalta den Chúirt a iarraidh ar an gCúirt nó ar an Seomra an mhír atá ar an gclár gnó a chur ar atráth nó féadfaidh an Comhalta sin a iarraidh nach mbainfear aon tátal as an bplé ar an ábhar sin.

**03** Féadfaidh an Chúirt nó Seomra a chinneadh d'aon ghuth go ndéanfaí ábhar nach bhfuil ar an gclár gnó a phlé. Is le tromlach de na Comhaltaí atá i láthair a chinnfear aon saincheist eile a ardaítear faoin gclár gnó. Ar an gclár gnó a bheith formheasta, sonróidh na Comhaltaí aon phointe atá ag éirí as miontuairiscí na gcruinnithe roimhe sin a bheidh curtha faoina mbráid i gcomhair a bhformheasta agus ar mian leo iad a ardú ag an gcruinniú, agus tabharfaidh siad le fios má tá sé i gceist acu nithe eile a ardú faoi 'Aon ghnó eile'.

## Airteagal 47

**01** Doiciméid ó na Seomraí a bhfuil iarraidh réasúnaithe curtha isteach ina dtaobh i gcomhréir le hAirteagal 26(4) de na Rialacha Nós Imeachta, déanfar iad a chur isteach mar mhír den dréachtchlár gnó le haghaidh cruinniú den Chúirt.

**02** Doiciméid eile a bheidh glactha ag na Seomraí, luafar iad sa mhír 'Gníomhaíochtaí na Cúirte' sa dréachtchlár gnó le haghaidh cruinniú den Chúirt.

## Airteagal 48

Leagfaidh an Chúirt síos cad iad na socruithe ateangaireachta atá le húsáid dá cuid gnáthchruinnithe agus le haghaidh cruinnithe de na Seomraí nuair a bhíonn díospóireacht le déanamh ar dhoiciméid de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

## Airteagal 49

**01** Gan dochar d'Airteagal 22 de na Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt agus na Seomraí ábhar a phlé i gcruinniú iata nuair atá bonn cirt leis sin mar gheall ar nádúr rúnda an ábhair.

**02** Cinnfidh Uachtarán na Cúirte nó Déan Seomra an bhfuiltear chun déileáil leis an gceist ar mhodh rúin agus, dá bhrí sin, gur i seisiún iata a dhéanfar an plé.

**03** Mura rud é go mbeidh cinneadh dá mhalairt déanta ag cruinniú a bhí roimhe sin ag an gCúirt nó ag Seomra, reáchtálfar cruinnithe iata gan ateangairí ná daoine eile d'fhoireann na Cúirte i láthair.

## Airteagal 50

**01** Déanfaidh an tArdrúnaí, nó aon duine eile a bheidh ainmnithe chun na críche sin, na dréacht-mhiontuairiscí ar chruinnithe na Cúirte a tharraingt suas. Cuirfear ar aghaidh chuig na Comhaltaí chomh luath agus is féidir iad, agus déanfaidh an Chúirt iad a fhormheas ag cruinniú ina dhiaidh sin.

**02** Is é an cuspóir atá le miontuairiscí ar chruinnithe na Cúirte ná taifead a choimeád de chinntí na Cúirte agus de na conclúidí ar a cuid pléití. Is é an t-aon chuspóir atá le formheas na miontuairiscí ná a dheimhniú gur taifead fíor iad de bhrí agus inneachar na ndíospóireachtaí.

**03** Cé go bhfuil cead ag na Comhaltaí go léir tagairt a dhéanamh do thopaicí atá sa mhiontuairisc ar chruinniú, is iad na Comhaltaí a bhí i láthair ag an gcruinniú atá taifeadta leis an miontuairisc atá curtha isteach i gcomhair a glactha, agus na Comhaltaí sin amháin, a fhéadfaidh leasú ar an miontuairisc sin a éileamh.

**04** Déanfar na miontuairiscí glactha a fhíordheimhniú le síniú an Ardrúnaí.

**05** Déanfar miontuairiscí ar ghnáthchruinnithe a bheidh glactha ag an gCúirt a chraobhscaoileadh laistigh den Chúirt. Beidh srian ar an gcraobhscaoileadh a dhéantar ar mhiontuairiscí ar chruinnithe iata.

## Roinn 2 – Cruinnithe Seomra

### Airteagal 51

Ó thaobh chur i bhfeidhm Airteagal 19(2), (3) agus (4) de na Rialacha Nós Imeachta, meastar go bhfuil Comhalta i láthair más féidir leis an gComhalta sin na Comhaltaí eile atá ag freastal ar an gcruinniú a chloisteáil agus más féidir leosan an Comhalta sin a chloisteáil. I gcás ina mbíonn deacrachtaí teicniúla ann, cinnfidh an tUachtarán an leanfar den chruinniú nó an gcuirfear an cruinniú ar atráth, ag brath ar nádúr na ndeacrachtaí sin agus ag brath ar an gcóram atá ag teastáil. I gcás Seomraí agus Coistí, is iad na Déin agus na Cathaoirligh a dhéanfaidh cúraimí sin an Uachtaráin.

### Airteagal 52

Nuair a bhíonn an tráthchlár bliantúil le haghaidh cruinnithe Seomra á socrú, cuirfear san áireamh gur gá an deis a thabhairt do gach Comhalta páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Seomraí go léir. Glacfaidh an Seomra an tráthchlár bunaithe ar thogra óna Dhéan. Socrófar cruinnithe breise ar thionscnamh an Déin nó má iarrann Comhalta den Seomra amhlaidh.

### Airteagal 53

**01** Déanfaidh an Déan cathaoirleacht ar chruinnithe Seomra nó, má bhíonn an Déan as láthair, rachaidh Comhalta atá ag ionadú don Déan ar bhonn sealadach sa chathaoir.

**02** Ar thogra an Stiúrthóra, déanfaidh an Déan dréachtchlár gnó a tharraingt suas do chruinnithe Seomra. Déanfaidh an Seomra an clár gnó a fhormheas ag tús gach cruinnithe.

### Airteagal 54

Beidh an fhreagracht ar na Seomraí a gcuid cruinnithe a eagrú agus rúnaíocht a chur ar fáil lena n-aghaidh. Is ar Ardrúnaí na Cúirte a bheidh an fhreagracht as doiciméid don chruinniú a thabhairt amach.

### Airteagal 55

01 Gan dochar d’Airteagal 26(2) de na Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh duine amháin nó níos mó d’fhoireann na gComhaltaí Tuairiscithe a bheith mar chúnamh acu ag cruinniú Seomra.

02 Féadfaidh daoine eile d’fhoireann na Cúirte freastal ar chruinniú Seomra de réir mar a mheasann na Comhaltaí a chomhdhéanann an Seomra go bhfuil sé sin iomchuí.

03 Ar mhaithe leis an gcóram atá ag teastáil le haghaidh cruinnithe Seomra a shainiú nuair a bhítear ag déileáil le nithe dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de na Rialacha Nós Imeachta, más codán í an uimhir déanfar í a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire.

### Airteagal 56

01 Mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt sna míreanna seo a leanas, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 50 maidir le miontuairiscí ar chruinnithe na Seomraí.

02 Déanfaidh an Stiúrthóir atá ag tacú leis an Seomra ábhartha na miontuairiscí ar chruinnithe na Seomraí a tharraingt suas.

03 Déanfar na miontuairiscí glactha a fhíordheimhniú le síniú an Déin.

## Caibidil II – Doiciméid a ullmhú agus a ghlacadh

**(Airteagail 25 agus 28 de na Rialacha Nós Imeachta)**

## Roinn 1 – Doiciméid a ullmhú

### Airteagal 57

01 Gan dochar d’Airteagal 11(2) de na Rialacha Nós Imeachta, caithfidh doiciméid a chuirtear faoi bhráid na Cúirte i gcomhair a nglactha a bheith pléite agus formheasta ag an Seomra nó Coiste atá freagrach.

**02** Maidir leis an nós imeachta le haghaidh dréachtchaibidlí den Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Cúirte, déanfaidh an Chúirt é sin a leagan síos i gcinneadh ar leith.

## Roinn 2 – Réamhbharúlacha a scrúdú agus a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí ábhartha

### Airteagal 58

**01** Sna dréacht-tuarascálacha agus dréacht-tuairimí a chuirtear faoi bhráid na Cúirte nó faoi bhráid Seomra, beidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) liosta de na daoine a rannchuidigh leis an obair, ina léirítear an méid ama don obair sin a measadh a bhí le caitheamh ag gach aon duine acu ina bun agus an méid ama a chaith siad go hiarbhír léi, chomh maith le féilire a chlúdaíonn an méid ama a measadh agus an méid ama iarbhír don obair maille le míniú ar aon difríochtaí suntasacha idir na hamanna sin;

(b) liosta de na doiciméid a úsáideadh chun imréiteach a dhéanamh ar na fionnachtana, agus de na doiciméid a seoladh chuig an gCoimisiún, chuig na Ballstáit nó chuig aon chomhlacht eile faoi iniúchóireacht, agus na freagraí a fuarthas orthu sin;

(c) ráiteas ón Stiúrthóir i ndáil le cáilíocht an doiciméid agus a dheimhníonn gur oibrigh an mhaoirseacht agus an t-athbhreithniú de réir mar a bhí beartaithe.

**02** Tar éis don Seomra doiciméid a scrúdú, cinnfidh an Chúirt nó, i gcás doiciméid a ghlactar de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, an Seomra cad é an gníomh leantach atá le déanamh ar dhréacht-tuarascálacha agus dréacht-tuairimí atá curtha faoina mbráid i gcomhair a nglactha.

**03** Féadfaidh an Chúirt nó, i gcás dá bhforáiltear de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, an Seomra a ordú an cáschomhad a dhúnadh, a iarraidh go bhfadófaí céim an scrúdaithe nó a shocrú leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta, go sonrach trí réamhbharúlacha a thíolacadh d'fhonn go gcuirfí isteach sa Tuarascáil Bhliantúil iad nó d'fhonn Tuarascáil Speisialta nó tuarascáil athbhreithniúcháin a tharraingt suas.

**04** I gcásanna eisceachtúla, agus ar thogra ón gComhalta atá ag feidhmiú mar Chomhalta Tuairiscithe, féadfaidh an Chúirt barúlacha áirithe a sheoladh chuig institiúidí i bhfoirm litir ón Uachtarán. I gcás barúlacha a bhfuil na Seomraí inniúil ina dtaobh de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, déanfaidh an Seomra an togra a tharchur chuig an gCúirt.

## Airteagal 59

Aon doiciméad nach mbíonn glactha ag an gCúirt nó ag Seomra ag an gcéad léamh, déanfar iad a chur isteach le haghaidh léamh eile ina dhiaidh sin. I gcás doiciméid a chuirtear faoi bhráid na Cúirte nó Seomra le haghaidh léamh eile ina dhiaidh sin, caithfidh míniú i scríbhinn a bheith ag gabháil leo ina dtugtar na cúiseanna nach raibh an Comhalta Tuairiscithe in ann na leasuithe a bhí cinnte ag an gCúirt nó ag Seomra ag léamh roimhe sin a ionchorprú sa doiciméad. I gcás leasuithe atá go hiomlán foirmiúil, nó ar chúiseanna práinne, féadfar na mínithe a thabhairt ó bhéal.

## Airteagal 60

**01** Déanfaidh Déan an tSeomra réamhbharúlacha a bheidh glactha ag an Seomra de bhun Airteagal 11(1) a chur in iúl i bhfógra do Chomhaltaí uile na Cúirte laistigh de dhá lá oibre. Féadfaidh an fógra sin a bheith i bhfoirm leictreonach.

**02** Maidir le cinneadh an tSeomra i dtaobh réamhbharúlacha a ghlacadh, tiocfaidh sé sin chun bheith cinntitheach i ndiaidh trí lá oibre ón dáta a tugadh an fógra dá bhforáiltear i mír 1, mura rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbíonn iarraidh réasúnaithe curtha ag cúigear Comhaltaí ar a laghad chuig an Uachtarán á rá gur cheart don Chúirt an doiciméad a phlé tuilleadh agus gurb í an Chúirt ba cheart an doiciméad sin a ghlacadh.

**03** Nuair a thiocfaidh na réamhbharúlacha chun bheith cinntitheach, déanfaidh Rúnaíocht na Cúirte iad a sheoladh chuig na hinstitiúidí ábhartha agus, ag an tráth sin, cuirfear tús leis an nós imeachta sáraíochta dá bhforáiltear in Airteagal 259(1) den Rialachán Airgeadais.

## Airteagal 61

**01** Déanfaidh an Chúirt a cuid barúlacha i dtaca leis an Tuarascáil Bhliantúil a chur ar aghaidh chun na hinstitiúidí lena mbaineann ar an dáta a leagtar síos in Airteagal 258 den Rialachán Airgeadais.

Gheobhaidh an Coimisiún Eorpach téacs iomlán na mbarúlacha sin. Is iad na míreanna a bhaineann leo féin amháin a gheobhaidh na hinstitiúidí eile, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún.

**02** Tar éis don Chúirt na barúlacha a ghlacadh, cuirfear ar aghaidh iad chuig Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid sa Choimisiún Eorpach.

## Airteagal 62

I ndiaidh an nós imeachta sáraíochta, nuair a dhéantar na réamhbharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte nó, de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, faoi bhráid Seomra, beidh na freagraí ó na hinstitiúidí lena mbaineann ag gabháil leo. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Comhalta Tuairiscithe nóta ar fáil ina mbeidh achoimre ar na hathruithe a rinneadh ar an leagan a cuireadh ar aghaidh le haghaidh an nós imeachta sáraíochta, lena n-áirítear aon mholadh i dtaobh seasamh a bheadh le glacadh ag an Seomra nó ag an gCúirt a mheasann an Comhalta Tuairiscithe a bheith iomchuí sna cúinsí sin.

## Airteagal 63

01 Is iad na doiciméid a chuirtear ar aghaidh le síniú an Chomhalta den Choimisiún atá freagrach as Buiséad agus Riarachán, agus iadsan amháin, a mheasfar a bheith ina bhfreagraí oifigiúla barántúla ón gCoimisiún ar bharúlacha iniúchóireachta na Cúirte.

02 Forchoimeádann an Chúirt an ceart aon tuarascáil speisialta a fhoilsiú d’uireasa freagraí na hinstitiúide lena mbaineann más rud é nach mbíonn freagra tugtha ag an institiúid i dtrácht laistigh de na tréimhsí ama a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais.

## Airteagal 64

01 Ní bheidh torthaí an nós imeachta sáraíochta bailí go dtí go mbíonn siad glactha ag an gCúirt nó, de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ag an Seomra inniúil.

02 Féadfaidh an Chúirt nó, i gcomhréir le mír 1, an Seomra inniúil, le linn nó i ndiaidh an nós imeachta sáraíochta agus nuair a bhíonn an téacs á ghlacadh go cinntitheach, cuid de na sleachta a scriosadh as a ndréacht-tuarascálacha. Má dhéantar é sin, bainfear amach freisin na sleachta i bhfreagra na hInstitiúide lena mbaineann atá ag freagairt do na sleachta a scriosadh.

03 Féadfaidh an Chúirt nó an Seomra inniúil a gcuid tráchtanna féin a dhéanamh ar fhreagraí na nInstitiúidí.

## Roinn 3 – Nós imeachta na cúirte chun doiciméid a ghlacadh

### Airteagal 65

Déanfar na cinntí seo a leanas a ghlacadh le tromlach na gComhaltaí a chomhdhéanann an Chúirt:

(a) an Tuarascáil Bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 287(4) CFAE, an chéad fhomhír;

(b) an Ráiteas Dearbhaithe i ndáil le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo dá bhforáiltear in Airteagal 287(1) CFAE, an dara fomhír;

(c) na tuarascálacha bliantúla sonracha, tuairimí agus barúlacha ar cheisteanna sonracha dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 287(4) CFAE agus atá tarchurtha chuig an gCúirt i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de na Rialacha Nós Imeachta nó a bhfuil iarraidh réasúnaithe curtha isteach ina dtaobh de bhun Airteagal 26(4) de na Rialacha Nós Imeachta;

(d) leasuithe ar na rialacha inmheánacha maidir le cur chun feidhme an bhuiséid;

(e) an meastachán d'ioncam agus caiteachas na Cúirte Iniúchóirí;

(f) cinntí a ghlactar faoi Airteagail 10(3) agus 13(1) de na Rialacha Nós Imeachta agus faoi Airteagal 49(3) de na rialacha cur chun feidhme seo i gcás cruinnithe den Chúirt;

(g) leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta;

(h) leasuithe ar na Rialacha Cur Chun Feidhme seo;

(i) straitéis fhoriomlán agus clár oibre na Cúirte.

### Airteagal 66

**01** Féadfaidh an tUachtarán úsáid a bhaint as an nós imeachta i scríbhinn le haghaidh aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de na Rialacha Nós Imeachta, ach ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn an téacs i dtrácht pléite cheana féin laistigh den Chúirt agus nuair atá údar maith ann ar chúinsí praiticiúla lena ghlacadh gan aon phlé eile a dhéanamh air.

**02** Aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 25(3) de na Rialacha Nós Imeachta, féadfar iad a ghlacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn a bhíonn curtha chun feidhme ag an Uachtarán as a stuaim féin nó ar iarraidh ó dhuine de na Comhaltaí.

**03** Beidh freagracht ar an Ardrúnaí as an nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh, as faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus as taifead a choimeád ar a thabhairt chun críche.

**04** Déanfaidh Ardrúnaíocht na Cúirte téacs scríofa an chinnidh atá molta a sheoladh chuig Comhaltaí uile na Cúirte, ag lua cén t-achar ama atá ann chun aon agóid a chur in iúl.

Maidir leis an achar ama chun agóid a dhéanamh, ní fhéadfaidh sé sin a bheith níos lú ná dhá lá oibre i gcás ina bhfuil Airteagal 25(2) de na Rialacha Nós Imeachta á gcur i bhfeidhm nó seacht lá i gcás ina bhfuil Airteagal 25(3) á chur i bhfeidhm.

Más rud é, faoin am a bhíonn luaite, nach bhfuil aon agóid i scríbhinn taiscthe ag Comhalta den Chúirt le hArdrúnaíocht na Cúirte, measfar go bhfuil an togra glactha ag an gCúirt. Luafar é sin sa mhiontuairisc don chéad chruinniú eile den Chúirt.

Má dhéantar agóid a thaisceadh, déanfar an togra a bhí faoi réir an nós imeachta i scríbhinn a chur ar an gclár gnó do cheann de na chéad chruinnithe eile a bheidh ag an gCúirt.

## Roinn 4 – Nós imeachta na Seomraí chun doiciméid a ghlacadh

### Airteagal 67

**01** An fógra dá bhforáiltear in Airteagal 26(3) de na Rialacha Nós Imeachta, déanfar é laistigh d’aon lá amháin oibre tar éis don Seomra an doiciméad a ghlacadh.

**02** Cúigear a bheidh sa líon íosta Comhaltaí de bhun Airteagal 26(4) de na Rialacha Nós Imeachta a bheidh ag teastáil chun iarraidh réasúnaithe a chur isteach á rá gur cheart don Chúirt an doiciméad i dtrácht a phlé agus a chinneadh.

**03** Nuair a thagann glacadh doiciméid ag an Seomra chun bheith cinntitheach, déanfar an doiciméad sin a bhailíochtú trí fhormhuiniú an Déin a chur leis agus trína fhógairt don Ardrúnaí.

### Airteagal 68

**01** Féadfaidh an Seomra a chinneadh úsáid a bhaint as an nós imeachta i scríbhinn chun a chuid cinntí a ghlacadh. I gcás dréacht-tascphleananna, dréacht-tuarascálacha nó dréacht-tuairimí, áfach, ní fhéadfar an nós imeachta seo a úsáid ach amháin má bhíonn an téacs lena mbaineann pléite cheana laistigh den Seomra agus má tá cúiseanna praiticiúla ann a thugann údar maith lena ghlacadh gan aon phlé eile a dhéanamh air.

**02** I gcás doiciméad a ghlactar de bhun Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, déanfar an téacs scríofa den chinneadh atá molta a sheoladh chuig Comhaltaí uile na Cúirte agus luafar an t-achar ama atá ann chun aon agóid a chur in iúl.

Maidir leis an achar ama chun agóid a dhéanamh, ní fhéadfaidh sé sin a bheith níos lú ná dhá lá oibre. Más rud é, faoin am a bhíonn luaite, nach bhfuil aon agóid i scríbhinn taiscthe ag Comhalta den Chúirt leis an Déan, measfar go bhfuil an togra glactha.

Má dhéantar agóid a thaisceadh, déanfar an togra a bhí faoi réir an nós imeachta i scríbhinn a chur ar an gclár gnó do cheann de na chéad chruinnithe eile a bheidh ag an Seomra.

**03** Ag deireadh an nós imeachta, déanfar na doiciméid a ghlactar ar an modh seo a thaifeadadh sa Mhiontuairisc don chéad chruinniú eile a bheidh ag an Seomra.

## Caibidil III – Táirgí na Cúirte a chur in iúl

**(Airteagail 28 agus 29 de na Rialacha Nós Imeachta)**

## Roinn 1 – Cur ar aghaidh

### Airteagal 69

**01** Arna nglacadh sna teangacha oifigiúla agus ar iad a bheith fíordheimhnithe faoi mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 28 de na Rialacha Nós Imeachta, déanfaidh Rúnaíocht na Cúirte táirgí na Cúirte a chur ar aghaidh chuig an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais lena mbaineann nó chuig údaráis náisiúnta. Sainaithníonn an Chúirt nó, i gcás doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, an Seomra, de réir an cháis, cé hiad seolaithe a gcuid táirgí i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i rialacha na Cúirte.

**02** Na freagraí críochnaitheacha a thugann an institiúid nó comhlacht lena mbaineann ar Thuarascálacha Speisialta, cuirfidh an Chúirt ar fáil iad sin i ngach ceann de na

teangacha oifigiúla. I ndiaidh ghlacadh na tuarascála, déanfar gach leagan teanga den tuarascáil i dtrácht a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an institiúid nó comhlacht lena mbaineann agus chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus beidh na freagraí atá ar fáil ag an am sin agus ar cuid dhílis den tuarascáil iad ag gabháil leis an tuarascáil sin.

03 In imthosca cuí-réasúnaithe agus eisceachtúla, is féidir leis an gCúirt nó an Seomra atá freagrach an Tuarascáil Speisialta a chur ar aghaidh chuig an institiúid nó comhlacht lena mbaineann agus chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, fiú mura bhfuil an t-aistriúchán go dtí na teangacha oifigiúla go léir críochnaithe don tuarascáil agus do fhreagraí críochnaitheacha na n-institiúidí. Sa chás sin, déanfar an Tuarascáil Speisialta a aistriú go dtí gach ceann de na teangacha eile in am trátha le go mbeidh siad fíordheimhnithe agus curtha ar aghaidh laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh chur ar aghaidh an chéad leagan teanga den Tuarascáil Speisialta a bhí ar fáil.

### Airteagal 70

01 Féadfar tuarascálacha speisialta agus tuarascálacha athbhreithnithe atá foilsithe a chur i láthair an Choiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa, nó Coistí eile i bParlaimint na hEorpa, meithleacha sa Chomhairle agus/nó rialtais agus parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

02 Ag an am céanna a dhéantar tuarascáil a chur ar aghaidh go hoifigiúil, déanfaidh Rúnaíocht na Cúirte an tuarascáil sin a chur ar fáil do Rúnaíocht an Choiste um Rialú Buiséadach i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfaidh an Rúnaíocht an tuarascáil a sheoladh chuig an Uachtarán agus chuig Comhalta Tuairiscithe an Choiste um Rialú Buiséadach. Déanfar an tuarascáil a sheoladh freisin chuig Rúnaíocht an Choiste um an mBuiséad sa Chomhairle.

## Roinn 2 – Foilsiú

### Airteagal 71

I gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i rialacha na Cúirte, cinnfidh an Chúirt nó, i gcás doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, an Seomra, de réir an cháis, an bhfuil táirgí na Cúirte le foilsiú agus cá bhfuil siad le foilsiú.

### Airteagal 72

**01** I rialacha na Cúirte, leagfar síos cad iad na nósanna imeachta atá le leanúint le haghaidh táirgí na Cúirte a chur in iúl agus le haghaidh tuarascáil an iniúchóra atá faoi chonradh chun iniúchóireacht a dhéanamh ar chuntais na Cúirte a chur in iúl.

**02** Is ar Stiúrthóireacht na hUachtaránachta a bheidh an fhreagracht as táirgí na Cúirte a fhoilsiú.

## Roinn 3 – Scaoileadh amach

### Airteagal 73

**01** An lá a dhéantar na doiciméid nó na comhaid leictreonacha a chur ar aghaidh go hoifigiúil chuig na hInstitiúidí i gcomhréir le hAirteagail 68 agus 69, déanfar an tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Cúirte sna teangacha oifigiúla a bhfuil sí ar fáil iontu agus beidh preasráiteas ag gabháil leis sin.

**02** Ag céim luath sa phróiseas, déanfar an straitéis do na meáin maidir le táirgí na Cúirte a chur in iúl a chinneadh i gcomhordú idir Stiúrthóireacht na hUachtaránachta agus an Comhalta Tuairiscithe i gcomhréir le Straitéis na Cúirte i ndáil le Cumarsáid agus Caidreamh leis na Geallsealbhóirí a bheidh cinnte ag an gCúirt.

**03** Déanfaidh an Comhalta Tuairiscithe, agus aon Chomhalta eile, an Chúirt a chur ar an eolas i dtaobh aon phreasagallamh nó cur i láthair eile den chineál sin ar mian leo a thabhairt. Beidh Stiúrthóireacht na hUachtaránachta ina cúnamh don Uachtarán agus do na Comhaltaí in imeachtaí do na meáin chumarsáide a eagrú.

## Caibidil IV – Tríú páirtithe a bheith ag cur in aghaidh tuarascálacha, tuairimí agus barúlacha

**(Airteagail 25 agus 26 de na Rialacha Nós Imeachta)**

### Airteagal 74

Aon litir a chuireann in aghaidh tuarascálacha, tuairimí nó barúlacha de chuid na Cúirte, nó a dhéanann agóid ina leith, déanfar í a thabhairt os comhair na Cúirte nó, i gcás doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de na Rialacha Nós Imeachta, os comhair Seomra d’fhonn í a scrúdú, mar aon le moladh ón Seomra a bhí freagrach as an tasc lena mbaineann faoin gcaoi ar cheart don Chúirt freagairt dó sin.

# Caibidil V – Iniúchóireachtaí a sheoladh

**(Airteagail 30 agus 31 de na Rialacha Nós Imeachta)**

## Roinn 1 – Prionsabail ghinearálta

### Airteagal 75

Glacfaidh an Chúirt a Clár Oibre, agus na rialacha mionsonracha a éiríonn as sin, le haghaidh phleanáil, chur chun feidhme agus chur in iúl a cuid oibre iniúchóireachta.

Chun éascú a dhéanamh ar iniúchtaí ar an bhfód a chomhordú leis an gCoimisiún agus chun a chumasú do na húdaráis iniúchóireachta náisiúnta a bheith páirteach ina hiniúchtaí, déanfaidh an Chúirt, gach mí, clár de na cuairteanna iniúchóireachta atá beartaithe aici a dhéanamh le linn na gceithre mhí dár gcionn a chur ar aghaidh chuig na ranna ábhartha sa Choimisiún agus chuig na húdaráis náisiúnta.

## Roinn 2 – Tascanna iniúchóireachta a dhéanamh

### Airteagal 76

**01** Chun a chinntiú go ndéantar tascanna iniúchóireachta ar bhealach éifeachtach, déanfar na hacmhainní is gá a shannadh do na Seomraí bunaithe ar Chlár Oibre na Cúirte.

**02** Beidh an fhreagracht as gach aon tasc ar fhoireann de réir na n-airteagal seo a leanas.

### Airteagal 77

**01** Tá an Comhalta Tuairiscithe cuntasach don Seomra agus don Chúirt i dtaobh gach gníomh agus cinneadh a dhéantar i dtaca leis an tasc iniúchóireachta atá sannta don Chomhalta sin i gcomhréir le hAirteagal 31 de na Rialacha Nós Imeachta, agus is ar an gComhalta sin a bheidh an fhreagracht faoi dheoidh as:

(a) cáilíocht agus tráthúlacht na hoibre;

(b) maoirsiú an taisc;

(c) doiciméid a chur i láthair an tSeomra agus, i gcás inarb iomchuí, na Cúirte;

(d) tuarascálacha agus tuairimí a chur i láthair lasmuigh den Chúirt.

**02** Déanann an Seomra, ar thogra ón Stiúrthóir agus tar éis dul i gcomhairle leis an gComhalta Tuairiscithe, Príomhbhainisteoirí a shannadh do thascanna. Bíonn na Príomhbhainisteoirí páirteach go gníomhach i ngach ceann de phríomhchéimeanna na gcúraimí sin; áirithíonn siad go mbíonn an fhoireann iniúchóireachta ag comhoibriú go maith leis na comhaltaí tuairiscithe faoi seach; maoirsíonn siad an fhoireann iniúchóireachta; agus glacann siad freagracht as cáilíocht na bpríomhdhoiciméad trí na doiciméid sin a fhormheas.

**03** Déanann an Seomra, ar thogra ón Stiúrthóir agus tar éis dul i gcomhairle leis an gComhalta Tuairiscithe, Cinn Cúraim a ainmniú. Tá an fhreagracht orthusan as an obair iniúchóireachta a chur chun feidhme i gcomhréir leis an tascphlean agus leis na caighdeáin iniúchóireachta, agus as maoirsiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar obair na ndaoine atá ar an bhfoireann iniúchóireachta.

## Roinn 3 – Foireann bainistíochta na stiúrthóireachtaí

### Airteagal 78

**01** Tá an Stiúrthóir cuntasach don Seomra agus cuideoidh an Stiúrthóir le Comhaltaí an tSeomra na tascanna iniúchóireachta a bhfuil siad freagrach astu a dhéanamh. Ar fhreagrachtaí an Stiúrthóra, áirítear go sonrach an méid seo a leanas:

(a) líon foirne leormhaith a chinntiú don tasc;

(b) soláthar acmhainní airgeadais don tasc a bhainistiú, lena n-áirítear teacht a bheith ar shaineolaithe seachtracha;

(c) maoirsiú agus athbhreithniú sa seomra a leagan síos, formhaoirseacht a dhéanamh ar a oibriú sin, agus príomhdhoiciméid a sheiceáil agus a fhormheas sula scaiptear iad;

(d) pléití a stiúradh ag cruinnithe sáraíochta agus a chinntiú, i gcomhchomhairle le Stiúrthóireacht an Choiste um Rialú Cáilíochta na hIniúchóireachta, go ndéantar na nósanna imeachta sáraíochta a bhfuil an Seomra freagrach astu a reáchtáil go seolta.

**02** Tacóidh an Príomhbhainisteoir, mar chuid den Fhoireann Bainistíochta, leis an Stiúrthóir agus déanfaidh an Príomhbhainisteoir feidhmeanna agus gníomhaíochtaí eile i ndáil le tascanna de réir mar a chinnfidh an Seomra, sa bhreis ar na feidhmeanna agus gníomhaíochtaí sin dá bhforáiltear in Airteagal 77(2).

# Teideal III – Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha

## Airteagal 79

Gan dochar d'Airteagal 55(3), agus chun na Rialacha Cur Chun Feidhme seo a chur i bhfeidhm, déanfar aon uimhir a shloinntear mar chodán a shlánú suas go dtí an chéad slánuimhir eile.

## Airteagal 80

**01** Cealaíonn na rialacha cur chun feidhme seo na rialacha sin a ghlac an Chúirt an 4 Márta 2021 le Cinneadh Uimh. 21-2021, agus gabhann siad a n-ionad.

**02** I gcás na dtascanna iniúchóireachta atá fós idir lámha ag dáta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo, beidh na forálacha a leagtar síos i dTeideal II, Caibidil V – 'Iniúchóireachtaí a sheoladh' fós i bhfeidhm go dtí go nglacfar an tuarascáil chríochnaitheach.

**03** Rialacha agus cinntí i ndáil le rochtain phoiblí ar dhoiciméid na Cúirte agus i ndáil le cúrsaí eitice, lena n-áirítear an Cód Iompair do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte agus Treoirlínte eiticiúla do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, beidh siad ag gabháil mar iarscríbhinn leis na rialacha cur chun feidhme seo. Déanfar na doiciméid atá ag gabháil mar iarscríbhinn leis na rialacha seo a ionadú nó a iomlánú le haon rialacha nó cinntí nua nó nuashonraithe.

## Airteagal 81

Tiocfaidh na rialacha cur chun feidhme seo i bhfeidhm le héifeacht láithreach. Foilseofar iad ar shuíomh gréasáin na Cúirte.

Lucsamburg, 29 Feabhra 2024.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

wolfgang.stolz@eca.europa.eu
Digitally signed by wolfgang.stolz@eca.europa.eu
Date: 2024.04.19 12:14:16 +02'00'

Tony Murphy
Uachtarán

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Cinneadh Uimh. 037-2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtaca le rochtain phoiblí ar dhoiciméid na Cúirte Iniúchóirí**

**TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA,**

AG FÉACHAINT don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 15(3) de;

AG FÉACHAINT do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 de;

AG FÉACHAINT dá Rialacha Nós Imeachta[1], agus go háirithe Airteagal 35 de;

AG FÉACHAINT do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[2], agus go háirithe Airteagal 258(1), an dara habairt, agus Airteagal 259(1) de;

AG FÉACHAINT do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[3];

AG FÉACHAINT do Chinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad[4];

AG FÉACHAINT do Chinneadh Uimh. 41/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (FRAE)[5];

AG FÉACHAINT do bheartas rúnaicmithe faisnéise na Cúirte Iniúchóirí[6];

---

[1] IO L 103, 23.4.2010, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[3] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
[4] https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/DECISION_ECA_6_2019/ECA-Decision_06-2019_EN.pdf.
[5] IO L 256, 19.7.2021, lch. 106.
[6] https://www.eca.europa.eu/ContentPagesDocuments/Legal_framework/Information_Classification_Policy_EN.pdf.

DE BHRÍ

(1) go gcuimsíonn an dara fomhír d'Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach coincheap na hoscailteachta, á rá gur céim nua sa síorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa is ea an Conradh sin, ina nglactar cinntí ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir;

(2) go n-athdhearbhaíonn Airteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) coincheap na hoscailteachta agus go bhforáiltear ann, d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, go seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir;

(3) go ndeir an chéad fhomhír d'Airteagal 15(3) CFAE go bhfuil ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó ag a bhfuil oifig chláraithe i mBallstát an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, is cuma cén meán ina bhfuil siad;

(4) i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 15(3) CFAE go ndéanfaidh gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht trédhearcacht a chuid oibre nó a cuid oibre a áirithiú agus forálacha sonracha maidir le rochtain ar a dhoiciméid nó ar a doiciméid a ullmhú ina Rialacha Nós Imeachta féin;

(5) go gcuireann oscailteacht feabhas ar dhlisteanacht, éifeachtacht agus cuntasacht riaracháin, agus ar an gcaoi sin go neartaíonn sí prionsabail an daonlathais, rud a fhágann go bhfuil sé tábhachtach dea-chleachtas riaracháin maidir le rochtain ar dhoiciméid a chur chun cinn;

(6) gur cheart leasanna áirithe poiblí agus príobháideacha a chosaint mar sin féin trí bhíthin eisceachtaí ar phrionsabal na rochtana poiblí ar dhoiciméid, go háirithe i bhfeidhmiú na gcaighdeán idirnáisiúnta iniúchóireachta i dtaca le nádúr rúnda na faisnéise iniúchóireachta;

**TAR ÉIS A CHINNEADH:**

Airteagal 1 Cuspóir

Is é is cuspóir don Chinneadh seo ná na coinníollacha, teorainneacha agus nósanna imeachta faoina ndéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt Iniúchóirí') rochtain phoiblí a dheonú ar na doiciméid atá ina seilbh aici a shainiú.

## Airteagal 2 Tairbhithe agus raon feidhme

1. Faoi chuimsiú agus de réir theorainneacha na bhforálacha a leagtar síos sa chinneadh seo agus atá sna caighdeáin idirnáisiúnta lena rialaítear rúndacht na faisnéise iniúchóireachta, tá ag aon saoránach de chuid an Aontais, agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó ag a bhfuil oifig chláraithe i mBallstát, an ceart rochtain a fháil ar dhoiciméid atá i seilbh na Cúirte Iniúchóirí.

2. Faoi réir na bprionsabal, coinníollacha agus teorainneacha céanna, féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar dhoiciméid a dheonú d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach nach gcónaíonn nó nach bhfuil oifig chláraithe acu i mBallstát.

3. Beidh an Cinneadh seo gan dochar do chearta ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá ina seilbh ag an gCúirt Iniúchóirí a d'fhéadfadh díorthú ó ionstraimí den dlí idirnáisiúnta nó ó ghníomhartha trína ndéantar na hionstraimí sin a chur chun feidhme.

## Airteagal 3 Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo:

1. ciallaíonn 'doiciméad' inneachar ar bith, is cuma cén meán (bíodh sé sin i scríbhinn ar pháipéar nó stóráilte i bhformáid leictreonach nó mar thaifeadadh fuaime, físe nó closamhairc), a ndéanann an Chúirt Iniúchóirí é a tharraingt suas, a fháil nó a shealbhú agus a bhaineann le hábhar a bhaineann lena bheartais, gníomhaíochtaí agus cinntí;

2. ciallaíonn 'tríú páirtí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, nó aon eintiteas lasmuigh den Chúirt Iniúchóirí, lena n-áirítear na Ballstáit, tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, agus institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais nó atá i dtíortha lasmuigh den Aontas Eorpach.

## Airteagal 4 Eisceachtaí

1. Diúltóidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar dhoiciméad sa chás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sa doiciméad sin an bonn a bhaint ó chosaint a thabhairt do na nithe seo a leanas:

   (a) an leas poiblí, lena n-áirítear:

   — an tslándáil phoiblí;
   — cúrsaí cosanta agus míleata;
   — an caidreamh idirnáisiúnta;
   — beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit.

   (b) príobháideachas agus sláine daoine aonair agus a sonraí pearsanta, go háirithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais i ndáil le cosaint sonraí pearsanta.

2. I gcomhréir leis na rialacha maidir le rúndacht a leagtar síos in Airteagail 258(1) agus 259(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus sna forálacha comhfhreagracha atá in ionstraimí eile de dhlí an Aontais, diúltóidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar a cuid réamhbharúlacha iniúchóireachta. Féadfaidh sí freisin rochtain a dhiúltú ar dhoiciméid a úsáideadh san ullmhúchán do na barúlacha sin.

3. Diúltóidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar dhoiciméad sa chás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sa doiciméad sin an bonn a bhaint ón gcosaint a thugtar do na nithe seo a leanas:

— na leasanna tráchtála atá ag duine nádúrtha nó dlítheanach;
— maoin intleachtúil;
— imeachtaí cúirte, eadrána agus réiteach díospóidí, mar aon le comhairle dhlíthiúil ina leith sin;
— cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí.

4. Déanfar rochtain ar na doiciméid seo a leanas a dhiúltú más rud é go ndéanfadh nochtadh na faisnéise iontu an bonn a bhaint ar bhealach tromchúiseach ón gcinnteoireacht sa Chúirt Iniúchóirí:

(a) doiciméid atá tarraingthe suas ag an gCúirt Iniúchóirí le haghaidh úsáid inmheánach, nó atá faighte aici, agus a bhaineann le hábhar nach bhfuil cinneadh déanta go dtí seo ina leith;
(b) doiciméid ina bhfuil tuairimí le haghaidh úsáid inmheánach mar chuid de phléití agus réamhchomhairliúcháin laistigh den Chúirt Iniúchóirí, fiú tar éis don chinneadh a bheith déanta.

5. In ainneoin na n-eisceachtaí atá leagtha amach i míreanna 2, 3 agus 4, cinnfidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain a thabhairt ar dhoiciméad, ina iomláine nó go páirteach, más rud é go bhfuil leas poiblí sáraitheach ann an fhaisnéis sin a nochtadh.

6. Caithfidh an leas poiblí sáraitheach a úsáidtear mar bhonn cirt don nochtadh a bheith oibiachtúil agus ginearálta. An duine a mhaíonn go bhfuil leas poiblí sáraitheach ann, luafaidh an té sin cad iad na himthosca sonracha a thugann bonn cirt do nochtadh na faisnéise atá sna doiciméid atá i gceist.

7. Mura bhfuil ach codanna den doiciméad a iarrtar clúdaithe ag aon cheann de na heisceachtaí atá san airteagal seo, déanfar na codanna eile den doiciméad a chur ar fáil. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith i gceist le páirtrochtain: íoslaghdú sonraí (an t-inneachar a chur i ndíth ainm nó in ainm bréige); cuid den inneachar a dhubhú amach nó a scriosadh; nó leathanach amháin nó níos mó a fhágáil amach as an doiciméad.

8. Maidir leis na heisceachtaí atá san airteagal seo, beidh feidhm acu gan dochar do na forálacha maidir le rochtain phoiblí ar chartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83, arna leasú.

9. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'fhorálacha Airteagal 5.

Airteagal 5 Doiciméid tríú páirtí

1. Más rud é go mbaineann iarratas ar rochtain ar dhoiciméid le doiciméad atá i seilbh na Cúirte Iniúchóirí ach nach í an Chúirt Iniúchóirí údar an doiciméid sin, deimhneoidh an Chúirt Iniúchóirí go bhfuair sí an t-iarratas agus soláthróidh sí ainm an duine, na hinstitiúide nó an chomhlachta a bhfuil an t-iarratas le díriú chucu.

2. Más rud é gur i gcomhpháirt le tríú páirtí eile a cruthaíodh doiciméad, rachaidh an Chúirt Iniúchóirí i gcomhairle leis an tríú páirtí sula ndéanfaidh sí cinneadh.

Airteagal 6 Doiciméid de chuid na Cúirte Iniúchóirí atá 'Íogair' nó 'Rúnaicmithe AE'

1. Is éard atá i ndoiciméid de chuid na Cúirte Iniúchóirí atá 'íogair' nó 'rúnaicmithe AE' ná doiciméid atá rúnaicmithe amhlaidh i gcomhréir, faoi seach, le Beartas Rúnaicmithe Faisnéise na Cúirte Iniúchóirí nó le Cinneadh Uimh. 41/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (FRAE).

2. Is daoine d'foireann na Cúirte Iniúchóirí a bhfuil an ceart acu iad a bheith ar an eolas i dtaobh na ndoiciméad sin, agus iadsan amháin, a dhéileálfaidh le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid den sórt sin. Déanfaidh na daoine céanna sin measúnú freisin i dtaobh an féidir tagairt do dhoiciméid de chuid na Cúirte Iniúchóirí atá 'íogair' nó 'rúnaicmithe AE' a dhéanamh nuair a bhíonn freagra á thabhairt ar iarratais ar rochtain ar dhoiciméid.

3. Ní féidir rochtain ar dhoiciméid de chuid na Cúirte Iniúchóirí atá 'íogair' agus 'rúnaicmithe AE' a dheonú ach amháin tar éis do na doiciméid sin a bheith fuascailte ón rúnaicmiú. Má chinneann an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar dhoiciméid den sórt sin a dhiúltú, luafaidh sí na cúiseanna atá lena cinneadh ar bhealach nach ndéanann díobháil do na leasanna atá cosanta in Airteagal 4.

Airteagal 7 Iarratais

1. Maidir le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid, caithfidh siad sin a bheith i scríbhinn i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, agus b'fhearr dá n-úsáidfí an fhoirm theagmhála[7] atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí. In imthosca eisceachtúla, is féidir iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a sheoladh leis an bpost.

2. Iarratais ar rochtain ar dhoiciméid, caithfidh siad a bheith sách beacht agus na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheith iontu: gnéithe lenar féidir an doiciméad nó na doiciméid atá á lorg a shainaithint; agus ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra.

3. Ní bheidh ar iarratasóirí cúiseanna a thabhairt dá n-iarratas.

4. Sa chás nach mbíonn iarratas cruinn go leor, nó mura féidir na doiciméid atá iarrtha a shainaithint, iarrfaidh an Chúirt Iniúchóirí ar an iarratasóir an t-iarratas a shoiléiriú agus tabharfaidh sí cúnamh don iarratasóir leis an méid sin a dhéanamh.

5. Ní chuirfear tús leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 8 go dtí go mbeidh na soiléirithe a iarradh faighte ag an gCúirt Iniúchóirí.

6. Sa chás go mbaineann iarratas le doiciméad atá an-fhada nó le lear an-mhór doiciméad, féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí dul i gcomhairle go neamhfhoirmiúil leis an iarratasóir d'fhonn teacht ar réiteach iomchuí.

Airteagal 8 Na hiarratais tosaigh a phróiseáil

1. Is í an fhoireann faisnéise sa Chúirt Iniúchóirí (*ECA-Info team*) a dhéileálfaidh le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid.

2. Déanfar admháil fála a sheoladh gan mhoill chuig na hiarratasóirí.

[7] https://www.eca.europa.eu/ga/contact.

3. Ag brath ar ábhar an iarratais, rachaidh *ECA-Info team* i gcomhairle leis an roinn lena mbaineann, agus, i gcás inarb infheidhme, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus/nó leis an Oifigeach Slándála Faisnéise, d’fhonn a chinneadh cén chaoi le déileáil leis an iarratas. Feidhmíonn an tArdrúnaí mar an t-údarás ag a bhfuil an chumhacht cinneadh a dhéanamh faoin bhfreagra atá le tabhairt ar iarratas tosaigh ar rochtain ar dhoiciméad, agus féadfaidh an tArdrúnaí an chumhacht sin a tharmligean.

4. Laistigh d’aon mhí amháin ar a mhéad ón iarratas a bheith cláraithe, deonóidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar an doiciméad a iarradh, faoi mar a bhfuil tuairisc air sin in Airteagal 11, nó seolfaidh sí freagra i scríbhinn ag insint cad iad na cúiseanna atá ann chun diúltú iomlán nó páirtdiúltú a dhéanamh agus á chur in iúl go bhfuil an ceart ag an iarratasóir a iarraidh ar an gCúirt Iniúchóirí athmhachnamh a dhéanamh ar an seasamh atá tógtha aici, faoi mar a bhfuil tuairisc air sin in Airteagal 9.

5. I gcás ina mbaineann iarratas le doiciméad an-fhada nó le lear an-mhór doiciméad, nó go mbíonn gá le comhairliúcháin inmheánacha nó comhairliúchán le tríú páirtithe, féadfar aon mhí amháin eile a chur leis an teorainn ama a luaitear i mír 4, ar choinníoll go ndéantar é sin a chur in iúl roimh ré don iarratasóir agus go luaitear na cúiseanna atá leis.

6. Sa chás go bhfaigheann daoine d’fhoireann na Cúirte Iniúchóirí iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid atá seolta chucu go pearsanta, cuirfidh siad é sin ar aghaidh gan mhoill chuig *ECA-Info team*.

Airteagal 9 Iarratais dearbhúcháin

1. Sa chás go ndéantar diúltú iomlán nó páirtdiúltú, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh d’aon mhí amháin ó fhreagra na Cúirte Iniúchóirí a fháil, iarratas dearbhúcháin a dhéanamh le hUachtarán na Cúirte Iniúchóirí ina n-iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Iniúchóirí athmhachnamh a dhéanamh ar an seasamh atá tógtha aici.

2. Beidh an t-iarratasóir i dteideal athmhachnamh a lorg freisin mura bhfreagraíonn an Chúirt Iniúchóirí laistigh de na teorainneacha ama a fhorordaítear in Airteagal 8.

3. Beidh na hiarratais dearbhúcháin faoi réir na gceanglas céanna le hiarratais tosaigh atá leagtha amach in Airteagal 7.

Airteagal 10 Iarratais dearbhúcháin a phróiseáil

1. Ar iarratas dearbhúcháin a fháil, rachaidh Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí i gcomhairle leis an tSeirbhís Dlí agus, ag brath ar ábhar an iarratais, leis an roinn lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus/nó leis an Oifigeach Slándála Faisnéise.

2. Laistigh d’aon mhí amháin ar a mhéad ón iarratas a bheith cláraithe, deonóidh an Chúirt Iniúchóirí rochtain ar an doiciméad a iarradh, faoi mar a bhfuil tuairisc air sin in Airteagal 11, nó seolfaidh sí freagra i scríbhinn ag insint cad iad na cúiseanna atá ann chun diúltú iomlán nó páirtdiúltú a dhéanamh.

3. Sa chás gur diúltú iomlán nó páirtdiúltú atá i gceist, cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí in iúl don iarratasóir cad iad na céimeanna eile is féidir leis nó léi a ghlacadh, eadhon imeachtaí dlí a thionscnamh in aghaidh na Cúirte Iniúchóirí agus/nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, faoi Airteagail 263 agus 228 CFAE faoi seach.

4. I gcásanna eisceachtúla, mar shampla, i gcás ina mbaineann an t-iarratas le doiciméad an-fhada nó le lear an-mhór doiciméad nó go mbíonn gá le comhairliúcháin inmheánacha nó comhairliúchán le tríú páirtithe, féadfar aon mhí amháin eile a chur leis an teorainn ama a luaitear i mír 2, ar choinníoll go ndéantar é sin a chur in iúl roimh ré don iarratasóir agus go luaitear na cúiseanna atá leis.

5. Mura bhfreagraíonn an Chúirt Iniúchóirí laistigh de na teorainneacha ama atá forordaithe anseo thuas, measfar gur freagra diúltach atá tugtha agus beidh an t-iarratasóir i dteideal úsáid a bhaint as na céimeanna eile dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 11 Rochtain i ndiaidh iarratais

1. Déanfar doiciméid a chur ar fáil i leagan agus formáid atá ann cheana féin (b'fhearr dá ndéanfaí é sin i bhfoirm leictreonach ag úsáid meáin atá formheasta ag an gCúirt Iniúchóirí chun slándáil faisnéise a ráthú), agus aird chuí á tabhairt ar an rogha is fearr leis an iarratasóir. Níl aon oibleagáid ar an gCúirt Iniúchóirí doiciméad nua a chruthú ná faisnéis a thiomsú don iarratasóir.

2. Má tá toirt mhór i ndoiciméid nó má tá siad deacair le láimhseáil, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don iarratasóir teacht ag breathnú orthu ar an láthair ag dáta agus am a chomhaontófar leis an gCúirt Iniúchóirí.

3. Féadfar an costas a bhaineann le cóipeanna a tháirgeadh agus a sheoladh a ghearradh mar tháille ar an iarratasóir, ach ní fhéadfaidh an táille sin a bheith níos airde ná an costas a thabhaítear go hiarbhír. I gcás comhairliúchán ar an láthair, cóipeanna is lú ná 20 leathanach A4 agus rochtain dhíreach i bhfoirm leictreonach, beidh siad sin saor in aisce.

4. Má tá rochtain phoiblí ar dhoiciméad, féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí a hoibleagáid ó thaobh deonú rochtana a chomhlíonadh trína chur in iúl don iarratasóir cén chaoi le teacht ar an doiciméad sin.

Airteagal 12 Doiciméid a atáirgeadh

1. Maidir le doiciméid a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gCinneadh seo, ní dhéanfar iad a atáirgeadh ná a shaothrú chun críocha tráchtála gan údarú roimh ré a bheith faighte chuige sin ón gCúirt Iniúchóirí.

2. Beidh an Cinneadh seo gan dochar d'aon rialacha maidir le cóipcheart a d'fhéadfadh teorainn a chur leis an gceart atá ag tríú páirtí doiciméid atá curtha ar fáil a atáirgeadh nó a shaothrú, agus beidh sé gan dochar freisin do Chinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad.

Airteagal 13 An tairseach trédhearcachta

1. Chun éifeacht a thabhairt do chearta na saoránach faoin gCinneadh seo, tá tairseach trédhearcachta ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí.

2. Na doiciméid dá dtagraítear sa tairseach trédhearcachta, beidh siad, aon uair is féidir é, inrochtana go díreach trí hipearnaisc.

Airteagal 14 Forálacha críochnaitheacha

1. Leis seo, déantar Cinneadh Uimh. 12-2005 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 10 Márta 2005 a aisghairm.

2. Foilseofar an Cinneadh seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

3. Tiocfaidh sé i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Iúil 2023

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
*An tUachtarán*

CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

**Cód Iompair do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte**

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA ("An Chúirt"),

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 285, 286 agus 339 de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, agus go háirithe Airteagail 3 agus 34(1) de, agus do na Rialacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a Chur Chun Feidhme, go háirithe Airteagal 81(4) de,

De bhrí go gceanglaítear ar Chomhaltaí na Cúirte, chun leas ginearálta an Aontais, a bheith iomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, gan teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile, agus staonadh ó aon ghníomh nach luíonn lena bhfeidhmeanna,

De bhrí, ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, go dtugann Comhaltaí na Cúirte gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn agus i ndiaidh a dtéarma oifige, na hoibleagáidí a eascraíonn aisti,

De bhrí go bhfuil freagracht speisialta ar na Comhaltaí in ábhair eiticiúla ós rud é, trína sampla, go mbíonn tionchar suntasach acu ar chultúr na heagraíochta agus ar dhea-thimpeallacht oibre a éascú,

De bhrí go léiríonn an Cód Iompair seo na bunluachanna agus bunphrionsabail eiticiúla a leagtar amach, mar shampla, i gCód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (ISSAI 130), amhail ionracas, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht, inniúlacht, iompraíocht ghairmiúil, rúndacht agus trédhearcacht,

De bhrí gur gá Cód Iompair do Chomhaltaí na Cúirte an 8 Feabhra 2012 a athbhreithniú chun an taithí a fuarthas trína chur i bhfeidhm a chur san áireamh agus chun go n-áiritheoidh an Chúirt na caighdeáin eiticiúla is airde, a mbítear súil leo ó Chomhaltaí na Cúirte, agus chun aird chuí a thabhairt ar chonclúidí na tuarascála athbhreithnithe piaraí ar chreat eiticiúil na Cúirte arna tabhairt i gcrích in 2019 ag Uasfhorais Iniúchóireachta na Cróite agus na Polainne,

De bhrí, chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú, gur cheart na forálacha ábhartha uile maidir le hoibleagáidí eiticiúla Comhaltaí a chumasc sa Chód Iompair seo, ar cuid dhílis é de na Rialacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a Chur Chun Feidhme,

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
**T** +352 4398-1 **E** eca-info@eca.europa.eu **eca.europa.eu**

De bhrí gur ghlac an Chúirt beartas chun timpeallacht shásúil oibre a chothabháil agus dul i ngleic le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach,

De bhrí gur cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí áirithe a eascraíonn as an gCód Iompair seo i ndáil le Comhaltaí na Cúirte maidir le hiar-Chomhaltaí freisin chun go mbeidh siad go hiomlán éifeachtach,

Tar éis a chinneadh an *Cód Iompair do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte* seo a leanas a ghlacadh:

**Airteagal 1**
**<u>Raon feidhme</u>**

Beidh feidhm ag an gCód Iompair seo maidir le Comhaltaí na Cúirte agus, i gcás ina bhfuil sé sonraithe go sainráite, maidir le hiar-Chomhaltaí na Cúirte.

## I. LUACHANNA AGUS PRIONSABAIL

**Airteagal 2**
**<u>Forálacha ginearálta</u>**

1. Urramóidh na Comhaltaí na caighdeáin is airde ó thaobh iompar eiticiúil de agus tabharfaidh siad dea-shampla i gcónaí trína gcuid gníomhaíochtaí.

2. Urramóidh na Comhaltaí na luachanna eiticiúla agus na prionsabail eiticiúla seo a leanas: ionracas, neamhspleáchas, oibiachtúlacht, inniúlacht, iompraíocht ghairmiúil, rúndacht agus trédhearcacht, dínit, tiomantas agus dílseacht, mar aon le discréid agus coláisteacht.

**Airteagal 3**
**<u>Ionracas</u>**

1. Feidhmeoidh na Comhaltaí go hionraic, go hiontaofa, de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an phobail amháin.

2. Ní ghlacfaidh na Comhaltaí le haon tabhartas ná le haon sochar comhchosúil ar mó a luach ná EUR 150. Ní ghlacfaidh na Comhaltaí ach oiread le tairiscintí ó aon tríú páirtí go n-íocfaidh siadsan costais chothaithe nó taistil is léir a bheith díréireach.

3. Ní fhéadfaidh na Comhaltaí glacadh le híocaíocht as aon chineál gníomhaíochta seachtraí a dhéantar ná as aon saothar a fhoilsítear le linn a dtéarma oifige.

4. Bainfidh na Comhaltaí úsáid as an mbonneagar agus na hacmhainní atá curtha ar fáil dóibh i gcomhréir iomlán leis na rialacha ginearálta agus sonracha a leagtar síos chuige sin, agus go háirithe na cinntí ón gCúirt atá i bhfeidhm maidir leis an nós imeachta chun foireann a earcú chuig oifigí pearsanta na gComhaltaí, maidir le speansais ionadaíochta agus fáiltithe, agus maidir le húsáid fheithiclí oifigiúla na Cúirte.

5. Nuair a roghnóidh Comhaltaí na Cúirte na daoine a bheidh ina n-oifig phearsanta, beidh aird chuí acu ar a dhúshlánaí atá an fheidhm sin, ar na próifílí gairmiúla a theastaíonn agus ar an ngá atá ann caidreamh a bhunú bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach eatarthu féin agus na daoine atá ag obair san oifig phearsanta. Ní bheidh céilí, páirtithe ná aon duine den dlúth-theaghlach in oifig phearsanta Chomhaltaí na Cúirte.

**Airteagal 4**
**Neamhspleáchas**

1. Beidh na Comhaltaí saor ó imthosca nó tionchair a chuireann a mbreithiúnas gairmiúil i mbaol, ná gur féidir a mheas go gcuireann siad a mbreithiúnas gairmiúil i mbaol.

2. Ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh na Comhaltaí aon teagasc ó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, ná ó aon rialtas ná eintiteas poiblí nó príobháideach eile.

3. Fanfaidh na Comhaltaí neamhspleách ar thionchar polaitiúil. Go háirithe, ní fheidhmeoidh siad oifig pholaitiúil ar bith.

4. Beidh caidreamh na gComhaltaí le grúpaí sainleasa ag luí leis an riachtanas a neamhspleáchas a chaomhnú.

**Airteagal 5**
**Oibiachtúlacht**

1. Gníomhóidh na Comhaltaí ar bhealach neamhchlaonta agus neamhleatromach.

2. Seachnóidh na Comhaltaí a bheith in aon staid a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coinbhleacht leasa, nó a d'fhéadfaí a thuiscint go hoibiachtúil amhlaidh. Tagann coinbhleacht leasa chun cinn nuair a d'fhéadfadh leas pearsanta tionchar a imirt ar fheidhmiú neamhspleách na ndualgas atá ag Comhalta. I measc na leasanna pearsanta sin, tá aon sochar nó buntáiste féideartha do na Comhaltaí féin, dá gcéilí, dá bpáirtithe nó do dhaoine ina ndlúth-theaghlach.

**Airteagal 6**
**Inniúlacht**

Forbróidh agus cothabhálfaidh Comhaltaí eolas agus scileanna atá ábhartha dá ndualgais agus gníomhóidh siad i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme agus leis an gcúram cuí.

**Airteagal 7**
**Iompraíocht ghairmiúil**

1. Comhlíonfaidh na Comhaltaí na rialacha is infheidhme atá leagtha síos sna Conarthaí, sa dlí tánaisteach agus ag an gCúirt. Seachnóidh siad aon iompar a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar an gCúirt.

2. Beidh aird chuí ag Comhaltaí na Cúirte ar thábhacht a ndualgas agus a bhfreagrachtaí; cuirfidh siad san áireamh, agus dea-shampla á thabhairt acu, nádúr poiblí a ndualgas agus iompróidh siad iad féin ar bhealach ina ndéantar muinín an phobail sa Chúirt a chothabháil agus a chur chun cinn.

**Airteagal 8**
**Rúndacht agus trédhearcacht**

1. Beidh urraim ag na Comhaltaí do nádúr rúnda obair na Cúirte. Ní nochtfaidh siad faisnéis rúnda den sórt a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla, mar a shonraítear in Airteagal 339 CFAE.

2. Beidh na Comhaltaí freagrach as láimhseáil chuí a dhéanamh ar aon doiciméad rúnaicmithe, rúnda nó íogair agus ar aon fhaisnéis a fhaigheann siad féin nó a n-oifig phearsanta le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh.

3. Ní úsáidfidh na Comhaltaí, chun críocha príobháideacha, bíodh sé sin dóibh féin ná ar son daoine eile, aon fhaisnéis a bhfuil rochtain acu uirthi de bhua a bpoist oifigiúil agus nár cuireadh ar fáil don phobal i gcoitinne.

4. Ba cheart do na Comhaltaí a bheith aireach go n-éilíonn a n-oifig phoiblí trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe i leith an phobail. Ba cheart dóibh cothromaíocht a aimsiú idir an gá atá le trédhearcacht agus rúndacht.

**Airteagal 9**
**Dínit**

1. Urramóidh na Comhaltaí dínit a n-oifige agus ní chuirfidh siad iad féin in iúl, trí mheán ar bith, ar bhealach a dhéanfadh díobháil do dhearcadh an phobail ina leith.

2. Iompróidh na Comhaltaí iad féin go cúirtéiseach agus go measúil. Déanfaidh siad timpeallacht oibre a bhunú agus a chothabháil ina ndíspreagtar aon iompar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhínit duine aonair.

**Airteagal 10**
**Tiomantas agus dílseacht**

1. Caithfidh Comhaltaí na Cúirte a ndúthracht lena sainordú a chomhlíonadh. Beidh cónaí orthu san áit ina bhfuil a suíomh ag an gCúirt.

2. Freastalóidh siad ar chruinnithe na Cúirte, na Seomraí agus na gCoistí lena mbaineann siad, i gcomhréir le hAirteagal 6 de na Rialacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a chur chun feidhme.

3. De mheon na dílseachta, tabharfaidh siad tacaíocht leanúnach don Chúirt i gcomhlíonadh a sainchumas.

**Airteagal 11**
**Discréid agus coláisteacht**

1. Gníomhóidh na Comhaltaí agus cuirfidh siad iad féin in iúl, laistigh agus lasmuigh den institiúid, leis an bhféinsmacht a éilítear de bhua a n-oifige.

2. Tabharfaidh na Comhaltaí, i ngach cúinse, urraim do nádúr coláisteach eagraíocht na Cúirte, agus cloífidh siad le haon chinneadh a ghlacfaidh an Chúirt agus glacfaidh siad freagracht chomhchoiteann astu. Féadfaidh na Comhaltaí, áfach, dul ar iontaoibh na n-ionstraimí breithiúnacha dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh má mheasann siad go ndearna na cinntí sin díobháil dóibh.

3. Gan dochar do fhreagracht an Uachtaráin as an gcaidreamh eachtrach, beidh údarás lasmuigh den Chúirt ag na Comhaltaí chun aon tuarascáil, tuairim nó faisnéis a chinn an Chúirt a phoibliú a chur in iúl agus tuairim a thabhairt orthu, faoi réir na gcoinníollacha i mír 4 thíos.

4. Staonfaidh na Comhaltaí ó aon trácht a dhéanamh lasmuigh den Chúirt ar trácht é:

   (a) a dhéanfadh amhras a tharraingt ar chinneadh a rinne an Chúirt;
   (b) a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do chlú na Cúirte;
   (c) a d'fhéadfaí a léirthuiscint mar ráiteas ar sheasamh na Cúirte maidir le nithe nach dtagann faoina réimse freagrachtaí institiúideach nó nach bhfuil seasamh glactha ag an gCúirt ina leith; nó
   (d) a d'fhéadfadh an Chúirt a tharraingt isteach in aon chonspóid, fiú tar éis dóibh scor dá n-oifig.

**Airteagal 12**
**Gníomhaíochtaí seachtracha**

1. Ní ghabhfaidh na Comhaltaí le haon ghníomhaíocht ghairmiúil lasmuigh den Chúirt, ná le haon ghníomhaíocht sheachtrach eile, bíodh sí sochrach nó ná bíodh, nach luíonn lena ndualgais, mar a shonraítear in Airteagal 286(3) agus (4) CFAE.

2. Faoi na coinníollacha a leagtar síos san airteagal seo, féadfar Comhaltaí a údarú chun dul i mbun dualgas gan íocaíocht i bhfondúireachtaí nó i gcomhlachtaí comhchosúla i réimsí dlíthiúla, eolaíocha, cultúrtha, ealaíne, sóisialta, spóirt nó carthanachta nó i bhforais oideachais. Ní fhéadfar a áireamh leis na dualgais sin ról bainistíochta ná aon chumhacht chinnteoireachta, ná freagracht as na hoibríochtaí i dtrácht ná aon ról rialaithe ar na hoibríochtaí sin, ach ról ionadaíoch nó comhairleach amháin. Ciallaíonn "fondúireacht nó comhlacht chomhchosúil" aon eagraíocht nó comhlachas neamhbhrabúsach atá i mbun gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas an phobail sna réimsí thuasluaite. Seachnóidh na Comhaltaí aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó na hoifigí sin, nó a d'fhéadfaí a thuiscint go hoibiachtúil go dtagann sí chun cinn, go háirithe má fhaigheann an chomhlacht i dtrácht aon chineál maoinithe ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

3. Féadfaidh na Comhaltaí, ar choinníoll go ndéanann siad Airteagail 2 agus 10 a chomhall, gabháil do na gníomhaíochtaí seachtracha seo a leanas freisin:

(a) cúrsaí a thabhairt ar mhaithe le lánpháirtiú na hEorpa, leis an smacht reachta nó le heitic, nó óráidí a thabhairt, nó páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha, ar choinníoll nach ndéantar aon íocaíocht nó, má dhéantar íocaíocht, go n-íocann an t-eagraí an t-airgead sin go díreach le carthanas de rogha an Chomhalta;
(b) leabhar a fhoilsiú nó alt a scríobh, ar choinníoll go ndéanfaidh an foilsitheoir aon dleacht ó shaothair a fhoilsítear i dtaca le feidhmeanna an Chomhalta a íoc go díreach le carthanas de rogha an Chomhalta;

4. Ní bheidh gníomhaíochtaí seachtracha ina dtrúig le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) an bonn a bhaint de neamhchlaontacht na Cúirte;
(b) coinbhleacht leasa a chruthú, nó é a bheith le tuiscint go hoibiachtúil go gcruthaíonn sé coinbhleacht leasa;
(c) tréimhse iomarcach ama a thógáil, agus an tionchar carnach a bhíonn ag gníomhaíochtaí seachtracha iomlána an Chomhalta á chur san áireamh;
(d) aon airgead a ghnóthú don Chomhalta.

**Airteagal 13**
**<u>Oibleagáidí na gComhaltaí tar éis dóibh scor dá n-oifig</u>**

1. Tar éis dóibh scor dá n-oifig, urramóidh na hiar-Chomhaltaí na hoibleagáidí sin a eascraíonn as a ndualgais a leanfaidh d’éifeacht a bheith acu tar éis a dtéarma, go háirithe an dualgas iad féin a iompar le hionracas agus le discréid a mhéid a bhaineann le ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 286(4) CFAE, agus a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí a shonraítear sa Chód Iompair seo.

2. Leanfaidh siad de bheith faoi cheangal ag dualgais na discréide agus na coláisteachta, mar a leagtar síos in Airteagal 11, i dtaca leis na gníomhaíochtaí a rinne siad le linn a dtéarma oifige. I gcomhréir le hAirteagal 339 CFAE, leanfaidh oibleagáid na rúndachta gairmiúla d’fheidhm a bheith aici tar éis do Chomhaltaí scor dá n-oifig.

## II. RIALACHA NÓS IMEACHTA

**Airteagal 14**
**<u>Dearbhú Leasanna</u>**

1. Déanfaidh na Comhaltaí Dearbhú Leasanna a chur isteach:

(a) laistigh d'aon mhí amháin ar a mhéid ó dhul i seilbh oifige;
(b) ar bhonn bliantúil an 31 Eanáir;
(c) tráth ar bith, i gcás athruithe suntasacha ar an bhfaisnéis atá le dearbhú (lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha nua faoi mar a chumhdaítear le mír 10); agus
(d) ar éirí as oifig dóibh.

2. Cuirfear na Dearbhuithe Leasanna sin faoi bhráid an Uachtaráin agus úsáid á baint as an bhfoirm atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCód Iompair seo.

3. Beidh na nithe a liostaítear i míreanna 4 go 11 den Airteagal seo sa Dearbhú Leasanna.

4. Dearbhóidh Comhaltaí na Cúirte aon leas, sócmhainn nó dliteanas airgeadais a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú i gcomhlíonadh a ndualgas nó a bhféadfaí a thuiscint go hoibiachtúil go gcruthaíonn siad coinbhleacht leasa.

5. Áirítear leis sin sealúchais aonair i gcaipiteal cuideachta, go háirithe scaireanna, agus cineálacha eile sealúchais amhail bannaí in-chomhshóite nó deimhnithe infheistíochta. Ní gá aonaid in iontaobhais aonad, nach leas díreach i gcaipiteal cuideachta iad, a dhearbhú.

6. Déanfar aon mhaoin atá faoi úinéireacht, go díreach nó trí chuideachta réadmhaoine, a dhearbhú agus neas-suíomh na maoine sin mar aon lena cineál a shainaithint, cé is moite de thithe nach mbaintear aon úsáid eile astu ach an úsáid sin a bhaineann an t-úinéir agus a dteaghlach astu. Ní dhéanfar sócmhainní sochorraithe a áireamh leis an méid sin.

7. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir le leasanna airgeadais céilí, páirtithe[1] agus leanaí mionaoiseacha, i gcás ina bhféadfaí a mheas go hoibiachtúil go bhfuil na leasanna sin in ann coinbhleacht leasa a chruthú.

8. Ar dhul i mbun oifige den chéad uair dóibh, dearbhóidh na Comhaltaí gach gníomhaíocht, idir ghairmiúil agus oinigh, a raibh siad ag gabháil dóibh i rith na trí bliana roimhe sin.

9. Déanfaidh na Comhaltaí, d'fhonn teacht roimh aon riosca coinbhleachta leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, aon ghníomhaíocht ghairmiúil de chuid a gcéilí nó a bpáirtithe[2] a dhearbhú.

10. Dearbhóidh na Comhaltaí gach gníomhaíocht sheachtrach reatha, agus déanfaidh siad an méid sin sa bhreis ar iad a dhearbhú i gcomhréir leis an nós imeachta sonrach a leagtar síos in Airteagal 16(1). Eisiafar leis sin gníomhaíochtaí seachtracha a thagann faoi Airteagal 12(3).

11. Dearbhóidh na Comhaltaí aon oirneas, duais nó onóir atá bronnta orthu.

12. Is iad na Comhaltaí atá freagrach as a ndearbhuithe féin.

13. Scrúdóidh Uachtarán na Cúirte na dearbhuithe ó thaobh na foirmiúlachta de, le tacaíocht ón tSeirbhís Dlí. Scrúdóidh an chéad Chomhalta eile an in ord tosaíochta don Uachtarán faoi Airteagal 5 de na Rialacha Nós Imeachta an Dearbhú Leasanna a dhéanfaidh an tUachtarán.

14. Tar éis an scrúdaithe sin agus ag féachaint go cuí do chosaint sonraí pearsanta, foilseofar na Dearbhuithe Leasanna sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte.

15. Chun aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, cuirfidh an tUachtarán na dearbhuithe san áireamh nuair a bheidh sé nó sí ag moladh an Comhalta a shannadh chuig Sheomra nó Coiste de chuid na Cúirte.

---

1 Páirtí seasmhach i gcaidreamh neamhphósta mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(c) d'Iarscríbhinn VII de na Rialacháin Foirne.

2 Ibid

16. Más rud é go bhfaigheann Comhaltaí iad féin i staid atá lasmuigh de raon feidhme an Dearbhaithe Leasa agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa, cuirfidh siad an méid sin in iúl d'Uachtarán na Cúirte. Tar éis don Choiste Eitice scrúdú a dhéanamh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte agus déanfaidh an Chúirt cibé beart a mheasanna sí is iomchuí.

**Airteagal 14a**
**Oibleagáidí na gComhaltaí maidir le caidrimh chonarthacha áirithe**

1. Déanfar aon chaidreamh conarthach fadtéarmach idir Comhaltaí agus daoine d'fhoireann na Cúirte, bíodh aon íocaíocht ag baint leis nó ná bíodh, a dhearbhú don Choiste Eitice, atá freagrach as an méid sin a scrúdú.

2. Ní dhéanfaidh na Comhaltaí comhaontuithe fadtéarmacha cíosa, focíosa ná iasachta le daoine d'fhoireann na Cúirte.

**Airteagal 15**
**Glacadh le tabhartais agus sochair chomhchosúla**

1. Más rud é, de bhua nósanna taidhleoireachta agus cúirtéise, go bhfaigheann Comhaltaí tabhartais nó sochair chomhchosúla ar mó a luach ná EUR 150, tabharfaidh siad ar láimh don Ard-Rúnaí iad. I gcás amhrais, déanfaidh siad dearbhú leis an Ard-Rúnaí maidir le haon tabhartas a fuair siad i gcomhlíonadh a ndualgais dóibh, agus iarrfaidh siad go ndéanfar measúnú ar a luach.

2. Coimeádfaidh Rúnaíocht na Cúirte clár de thabhartais agus sochair chomhchosúla ar mó a luach ná EUR 150, ina sainaithneofar na deontóirí, agus a bheidh ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Cúirte.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le misin oifigiúla údaraithe ina mbeidh Comhalta rannpháirteach in imeacht, agus arb é nó í an t-eagraí a bheidh ag seasamh costas áirithe (mar shampla, costais taistil nó óstáin).

**Airteagal 16**
**Oibleagáidí na gComhaltaí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha**

1. Dearbhóidh na Comhaltaí gan mhoill d'Uachtarán na Cúirte gach gníomhaíocht sheachtrach nó aon athrú ar ghníomhaíocht dhearbhaithe, agus úsáid á baint as an bhfoirm in Iarscríbhinn II. Tabharfaidh na Comhaltaí tuairisc ar na gníomhaíochtaí seachtracha chomh cruinn agus is féidir de réir gach ceann de na critéir atá liostaithe i mír 3.

2. Cuirfidh an tUachtarán aon dearbhú den sórt sin a bhaineann le gníomhaíochtaí seachtracha ar aghaidh chuig an gCoiste Eitice, atá freagrach as é a scrúdú.

3. Chuige sin, scrúdóidh an Coiste Eitice aon ghníomhaíocht sheachtrach atá ann cheana nó a iarradh i bhfianaise na gcritéar ginearálta a leagtar síos in Airteagal 12(4).

4. Mar eisceacht air sin, déanfar gníomhaíochtaí seachtracha de bhun Airteagal 12(3)(a) agus (b) a dhearbhú don Uachtarán agus úsáid á baint as an bhfoirm in Iarscríbhinn II agus seolfar iad chun críocha faisnéise chuig an gCoiste Eitice, agus ní eiseoidh an coiste sin tuairim mura rud é go measann sé gur gá sin.

5. Ní féidir gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chinneadh na Cúirte maidir le speansais mhisin Chomhaltaí na Cúirte a bheith ina "gníomhaíochtaí seachtracha" de réir bhrí Airteagail 12 agus 16 den Chód seo. Tá sé de shaoirse ag Comhaltaí i gcónaí aon fhaisnéis is cuí leo a chur ar fáil don Choiste Eitice, díreach ar mhaithe leis an gCoiste sin a chur ar an eolas. Os a choinne sin, ní fhéadfaidh gníomhaíocht sheachtrach arna dearbhú faoin gCód seo tairbhiú d'aisíocaíocht faoi Chinneadh na Cúirte maidir le speansais mhisin Chomhaltaí na Cúirte.

## Airteagal 17
## <u>Gairmeacha Comhaltaí tar éis dóibh scor dá n-oifig</u>

1. Aon uair a bheidh sé ar intinn ag Comhaltaí nó iar-Chomhaltaí na Cúirte gabháil le gairm le linn an dá bhliain tar éis dóibh scor dá n-oifig, dearbhóidh siad an méid sin d'Uachtarán na Cúirte agus úsáid á baint as an bhfoirm atá in Iarscríbhinn III a luaithe a fhaigheann siad eolas faoin ábhar agus, más féidir, le fógra dhá mhí ar a laghad.

2. Chun críocha an Chóid seo, ciallaíonn "gairm" aon ghníomhaíocht ghairmiúil, bíodh sí sochrach nó neamhshochrach. Ní áirítear leis sin na nithe seo a leanas:

   (a) oifigí oinigh, neamhchúitithe i bhfondúireachtaí nó in eagraíochtaí comhchosúla, nach bhfuil aon nasc acu le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh, sa réimse polaitiúil, dlíthiúil, eolaíoch, cultúrtha, ealaíne, sóisialta, spóirt nó carthanachta nó i bhforais oideachais;
   (b) sócmhainní nó sealúchais nó rachmas pearsanta nó teaghlaigh a bhainistiú go huile agus go hiomlán i gcáil phríobháideach; agus
   (c) gníomhaíochtaí inchomparáide.

3. Cuirfidh an tUachtarán na dearbhuithe sin ar aghaidh lena scrúdú chuig an gCoiste Eitice. Scrúdóidh an Coiste Eitice an bhfuil nádúr na gairme atá beartaithe comhoiriúnach le hAirteagal 286(4) CFAE agus leis an gCód seo, an mbaineann sé an bonn de neamhchlaontacht na Cúirte nó nach mbaineann, agus an bhfuil coinbhleacht leasa ann nó nach bhfuil.

4. I gcás inar gá, déanfaidh an Coiste Eitice, agus an scrúdú sin á dhéanamh aige faoi mhír 3, a shainaithint agus a mheasúnú an bhfuil aon riosca sonrach agus cuí-réasúnaithe ann do na critéir i mír 3 a eascraíonn as tuarascálacha ar ghníomhaigh an Comhalta mar Chomhalta Tuairiscithe ina leith sa dá bhliain dheireanacha dá shainordú nó dá sainordú. Tabharfaidh an Coiste aird freisin ar Airteagal 15 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus maidir leis an gceart chun obair a dhéanamh.

5. Má mheasann an Coiste Eitice go mbeadh an ghairm ar neamhréir le hAirteagal 286(4) CFAE agus leis an gCód seo, cuirfidh an tUachtarán é sin in iúl don iar-Chomhalta, a staonfaidh ó ghabháil don ghníomhaíocht sin.

6. Mar eisceacht, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an iar-Chomhalta dul i mbun oifige poiblí, ní bheifear ag súil, i bprionsabal, go n-éireoidh coinbhleacht leasa as sin.

## III. AN CREAT EAGRAÍOCHTÚIL

### Airteagal 18
### An Coiste Eitice

1. Déanann an Chúirt, leis seo, Coiste Eitice a bhunú, a bhreithneoidh aon ní eiticiúil a mheasann sé a bheith ábhartha do na caighdeáin a leagtar síos sa Chód seo agus do chlú na Cúirte, lena n-áirítear na caighdeáin sin a fheabhsú tuilleadh.

2. Tá comhdhéanamh an Choiste leagtha síos in Airteagal 33 de na Rialacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a Chur Chun Feidhme.

3. Toghfaidh an Coiste Cathaoirleach as measc a Chomhaltaí.

4. Déanfar an Coiste a chomóradh arna iarraidh sin ag an gcathaoirleach nó tar éis iarraidh ar thuairim a bheith curtha faoina bhráid ag an Uachtarán nó ag Comhalta den Chúirt. Is i modh rúin a dhéanfar plé an Choiste.

5. Eiseoidh an Coiste tuairim laistigh de 10 lá tar éis dul i gcomhairle leis. Má mholann an cathaoirleach é, féadfaidh an Coiste tuairim a eisiúint trí nós imeachta i scríbhinn. Mar eisceacht air sin, nuair a rachfar i gcomhairle leis an gCoiste faoi Airteagal 17, eiseoidh sé tuairim a luaithe is féidir.

6. Glacfaidh an Coiste a thuairimí trí vótáil tromlaigh. Beidh a thuairimí cuí-réasúnaithe agus déanfar tagairt d'aon dearcadh easaontach. Cuirfear na tuairimí sin in iúl láithreach d'aon Chomhalta nó iar-Chomhalta a bhféadfadh tuairim an Choiste a bheith bainteach leo agus cuirfear ar aghaidh mar eolas chuig an Uachtarán agus chuig an gCúirt iad.

7. I gcás a mbeidh ar an gCoiste dearbhú leasanna nó dearbhú maidir le gníomhaíocht sheachtrach de chuid Comhalta den Choiste a bhreithniú, gabhfaidh Comhalta malartach den Choiste ionad an Chomhalta sin agus ní ghlacfaidh an Comhalta i dtrácht páirt in obair an Choiste ar an ábhar.

8. Comhlíonfaidh an Coiste Eitice an ról a shanntar dó sa chinneadh lena leagtar amach beartas na Cúirte maidir le timpeallacht shásúil oibre a chothabháil agus maidir le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chomhrac.

9. Tabharfaidh an tSeirbhís Dlí cúnamh don Choiste Eitice ina chuid cúraimí agus cuirfidh sí tacaíocht rúnaíochta ar fáil.

10. Síneofar conradh idir an Chúirt agus Comhaltaí Seachtracha an Choiste ina leagfar síos a gcearta agus a n-oibleagáidí maidir lena sainordú, lena n-áirítear méid na dtáillí.

## Airteagal 19
## Idirghníomhaíocht idir na Comhaltaí, an Coiste Eitice agus an Chúirt

1. Féadfaidh Uachtarán agus Comhaltaí agus iar-Chomhaltaí na Cúirte comhairle an Choiste a lorg maidir le haon cheist eiticiúil, go háirithe maidir le léirmhíniú an Chóid Iompair seo.

2. Tabharfaidh na Comhaltaí tuairisc i scríbhinn láithreach don Uachtarán agus don Déan ábhartha faoi aon tionchar míchuí ar a neamhspleáchas nó faoi bhagairt dá neamhspleáchas ag aon eintiteas atá seachtrach den Chúirt.

3. Comhoibreoidh Comhaltaí agus iar-Chomhaltaí na Cúirte go hiomlán leis an gCoiste, go háirithe maidir le haon fhaisnéis agus doiciméad tacaíochta a d'iarr sé a sholáthar. Beidh an ceart acu éisteacht a fháil.

4. Má easaontaíonn Comhalta nó iar-Chomhalta le tuairim ón gCoiste Eitice a théann chun dochair don Chomhalta nó don iar-Chomhalta sin, déanfaidh siad, laistigh de chúig lá oibre ón dáta a bhfaighfear an tuairim, cúiseanna leis an easaontú sin a thabhairt i scríbhinn don Uachtarán, agus déanfaidh an tUachtarán an t-ábhar a tharchur gan mhoill chuig an gCúirt lena bhreithniú agus chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh. I gcás ina mbainfidh an tarchur le slí bheatha atá beartaithe faoi Airteagal 17, déileálfaidh an Chúirt leis an ábhar gan mhoill.

5. Na héifeachtaí a bheadh ag tuairim an Choiste arna tarchur amhlaidh chun na Cúirte, déanfar iad a fhionraí. Tabharfaidh an Chúirt aon teagasc sealadach is iomchuí léi ar an ábhar a tharchuirfear go dtí go mbeidh a cinneadh críochnaitheach glactha aici. Déanfaidh an Comhalta nó an t-iar-Chomhalta lena mbaineann teagasc agus cinneadh críochnaitheach den sórt sin a chomhlíonadh gan mhoill.

6. Féachfaidh Uachtarán na Cúirte chuige go ngníomhófar ar thuairimí an Choiste agus ar aon teagasc nó cinneadh ón gCúirt a eascraíonn uathu sin.

7. Glacfaidh an Chúirt tuarascáil gach bliain maidir le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair seo, lena n-áirítear obair an Choiste Eitice. Foilseofar an tuarascáil sin ar shuíomh gréasáin na Cúirte.

## Airteagal 20
## Comhar le OIPE agus OLAF

Gan dochar d'fhorálacha ábhartha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe an Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí, agus na téacsanna ábhartha maidir lena gcur i bhfeidhm, go háirithe na ráthaíochtaí nós imeachta a leagtar síos i Rialachán 2017/1939 agus i Rialachán Uimh. 883/2013, comhoibreoidh Comhaltaí na Cúirte go hiomlán le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise i gcomhthéacs fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanfaidh siad.

## IV. FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

### Airteagal 21
### Cur i bhFeidhm an An Chóid Iompair

1. Áiritheoidh Uachtarán agus Comhaltaí na Cúirte go ndéanfar de réir an Chóid Iompair seo agus go gcuirfear i bhfeidhm de mheon macánta é agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta. Tá na rialuithe inmheánacha agus seachtracha atá ag an gCúirt cheana féin infheidhme maidir le gníomhaíochtaí faoin gCód seo.

2. I léirthuiscint an Chóid seo, agus gan dochar dá fhorálacha, ina bhfuil sraith iomlán de chearta agus d'oibleagáidí, ba cheart aon chleachtas nó caighdeán ábhartha Eorpach agus idirnáisiúnta a chur san áireamh.

### Airteagal 22
### Forálacha críochnaitheacha

1. Tá an Cód Iompair seo ina chuid de na Rialacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte a Chur Chun Feidhme, agus déanfar é a chur i gceangal leo.

2. Aisghaireannn sé an Cód Iompair do Chomhaltaí na Cúirte an 10 Feabhra 2022, agus gabhann sé a ionad.

3. Tiocfaidh sé i bhfeidhm le héifeacht láithreach.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 14(8) den Chód Iompair athbhreithnithe maidir le Comhaltaí a bhfuil a dtéarmaí oifige ar siúl tráth a ghlacfar an Cód seo.

5. Tabharfar fógra d'iar-Chomhaltaí faoin gCód Iompair seo, a dhéanfar a sheoladh mar eolas chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 7 Aibreán 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Klaus-Heiner Lehne
*An tUachtarán*

Iarscríbhinn I

**DEARBHÚ LEASANNA**

(de bhun Airteagal 14)

Ainm iomlán:

**I. Leasanna, sócmhainní agus dliteanais airgeadais** (Airteagal 14(4)(5) den Chód Iompair)
*Sonraigh aon ní a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú i gcomhlíonadh do dhualgas nó a bhféadfaí a thuiscint go hoibiachtúil go gcruthaíonn sé coinbhleacht leasa.*

*Tabhair le fios maidir le gach leas:*

| *An cineál leasa (e.g. scaireanna, bannaí, iasachtaí, leas nó dliteanas eile)* | *An t-eintiteas lena mbaineann (e.g. cuideachta, banc, ciste)* | *Méid an leasa (e.g. líon na scaireanna)* |
|---|---|---|
| | | |

**II. Leasanna airgeadais céile, páirtí nó leanaí mionaoiseacha** a bhféadfaí a mheas go hoibiachtúil ina leith go bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht as (Airteagal 14(7) den Chód Iompair)
*Sonraigh ainmneacha an chéile, an pháirtí nó na leanaí mionaoiseacha lena mbaineann, mar aon leis an bhfaisnéis chéanna atá le cur isteach faoi I.*

**III. Réadmhaoin** (Airteagal 14(6) den Chód Iompair)
*Aon mhaoin atá faoi úinéireacht, go díreach nó trí chuideachta réadmhaoine, agus neas-suíomh agus cineál na maoine sin a shainaithint[3]. Ní mheastar go bhfuil sé riachtanach luach na maoine a thabhairt.*

**IV. Gníomhaíochtaí roimhe sin** (Airteagal 14(8) den Chód Iompair)[4]
*Sonraigh, le do thoil, nádúr an phoist nó na bpost, ainm an chomhlachta agus a chuspóir/gníomhaíocht.*

[3] Mar a leagtar síos in Airteagal 14(6), ní áireofar leis sin 'tithe nach mbaintear aon úsáid eile astu ach an úsáid sin a bhaineann an t-úinéir agus a dteaghlach astu'.

[4] Ba cheart go ndéanfadh Comhaltaí nua an dearbhú faoin mír seo ag tús a gcéad téarma. Aon uair a dhéantar a ndearbhú a nuashonrú, ba chóir an chuid seo a chóipeáil gan athrú. Comhaltaí a thosaíonn téarma breise 6 bliana (an dara téarma nó an tríú téarma), agus nuair nach bhfuil briseadh idir téarmaí oifige, beidh siad díolmhaithe ón dearbhú a dhéanamh faoin mír seo.

**V. Gníomhaíochtaí seachtracha reatha** (Airteagal 14(10) den Chód Iompair)[5] [6]
*Sonraigh teideal gach gníomhaíochta agus déan cur síos ar nádúr agus cuspóir na gníomhaíochta sin.*

**VI. Gníomhaíochtaí gairmiúla an chéile nó an pháirtí** (Airteagal 14(9) den Chód Iompair)

**VII. Oirnis, duaiseanna agus onóracha agus aon fhaisnéis ábhartha bhreise** (Airteagal 14(11) den Chód Iompair)

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha thuas fíor.

Dáta: Síniú:

Poibleofar an dearbhú seo i gcomhréir le hAirteagal 14(14) den Chód.

---

5 Ní dhéantar na gníomhaíochtaí seachtracha a liostaítear in Airteagal 12(3)(a) agus (b) a dhearbhú anseo, ach ina ionad sin déileáiltear leo i gcomhréir le hAirteagal 16(4).

6 Más rud é go bhfuil tú díreach tar éis do chéad théarma oifige a thosú, agus má tá ceann amháin nó níos mó de do ghníomhaíochtaí seachtracha fós á scrúdú tar éis duit do dhearbhú a dhéanamh faoi Airteagal 16, ní mór duit, mar sin féin, iad a liostú ina n-iomláine agus an fonóta seo a leanas a chur leis: "Tá an ghníomhaíocht sheachtrach seo á scrúdú faoi láthair ag Coiste Eitice na Cúirte". Nuair a bheidh an nós imeachta faoi Airteagal 16(3) tugtha chun críche, cuir isteach leagan nuashonraithe den Dearbhú Leasanna a léiríonn iarmhairtí an nós imeachta.

Iarscríbhinn II

**DEARBHÚ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH**

(de bhun Airteagail 12 agus 16)

Ainm iomlán:

**Teideal na gníomhaíochta seachtraí:**

**Tuairisc:**
*Tabhair tuairisc, le do thoil, chomh cruinn agus is féidir ar an ngníomhaíocht, agus déan cibé doiciméad ábhartha a chur i gceangal leis seo.*

**Faisnéis:**
*Tabhair faisnéis, le do thoil, lena léirítear chun críocha meastóireachta an ndéanann nó nach ndéanann an ghníomhaíocht:*

- *(a)* *an bonn a bhaint de neamhchlaontacht na Cúirte;*
- *(b)* *coimhlint leasa a chruthú;*
- *(c)* *an iomarca ama a thógáil (don ghníomhaíocht féin agus freisin nuair a dhéantar do ghníomhaíochtaí seachtracha carntha a chur san áireamh);*
- *(d)* *aon airgid a ghnóthú duit.*

**An dáta atá beartaithe don ghníomhaíocht sheachtrach:**

**Liostaigh aon chostas taistil nó chothaithe atá á gcumhdach ag tríú páirtithe:**

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha thuas fíor.

Dáta: Síniú:

Iarscríbhinn III

**DEARBHÚ GAIRME**

(De bhun Airteagal 17[7])

Ainm iomlán:

**Slí bheatha bheartaithe:**

**Tuairisc:**
*Tabhair tuairisc, le do thoil, chomh cruinn agus chomh hiomlán is féidir ar an ngairm, agus déan cibé doiciméad ábhartha a chur i gceangal leis seo mar iarscríbhinní.*

**Faisnéis:**
*Tabhair faisnéis, le do thoil, lena léirítear chun críocha meastóireachta an ndéanann nó nach ndéanann an ghairm:*

*(a) an bonn a bhaint de neamhchlaontacht na Cúirte:*
*(b) coimhlint leasa a chruthú:*

**Dáta tosaigh atá beartaithe don ghairm:**

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha thuas fíor.

Dáta: Síniú:

[7] Tabhair faoi deara nach gá gníomhaíochtaí a thagann faoin eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 17(2)(a), (b) nó (c) a dhearbhú.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Cinneadh Uimh. 51-2022 lena leagtar síos Treoirlínte Eitice do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA**

| | |
|---|---|
| AG FÉACHAINT DON | Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; |
| AG FÉACHAINT DO | Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh; |
| AG FÉACHAINT DON | Chód Eitice INTOSAI (ISSAI 130); |
| AG FÉACHAINT DO | phléití na Cúirte ag a cruinniú an 27 Deireadh Fómhair 2022 ar bhonn DEC 139/22; |
| DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS | chun a misean a bhaint amach, ba cheart a mheas gur institiúid oibiachtúil, neamhspleách agus gairmiúil í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa inar féidir lena geallsealbhóirí lánmhuinín a bheith acu; |
| DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS | tá tacar treoirlínte eiticiúla riachtanach chun cabhrú le Comhaltaí agus daoine d'fhoireann na Cúirte a áirithiú go bhfuil a gcinntí agus a ngníomhaíochtaí ar fad bunaithe ar na luachanna a sainmhínítear i straitéis na Cúirte, agus go gcomhlíonann siad na prionsabail a leagtar síos ag Cód INTOSAI agus na hoibleagáidí a eascraíonn as na Rialacháin Foirne; |

**TAR ÉIS CINNEADH:**

Airteagal 1

Féadfaidh na Treoirlínte Eiticiúla i gceangal leis seo a bheith infheidhme i gCúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Airteagal 2


Foilseoidh Ardrúnaí na Cúirte ar an inlíon agus déanfaidh an duine sin liosta d'aincheisteanna eiticiúla samplacha agus cásanna deacra a d'fhéadfadh a bheith againn sa ghnáthshaol oibre. Tabhairfaidh an tArdrúnaí iad cothrom le dáta ar bhonn rialta freisin. Tá an liosta seo léiritheach seachas uileghabhálach, agus tá sé ceaptha chun cabhrú leis an uile dhuine den fhoireann na treoirlínte seo a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Moltar do Chomhaltaí agus do dhaoine d'fhoireann na Cúirte cur leis an liosta samplaí seo.

Airteagal 3

Forshuíonn an Cinneadh seo Cinneadh Uimh. 66-2011 lena leagtar síos Treoirlínte Eitice do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a shínítear é.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Deireadh Fómhair 2022

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí



Tony Murphy
*An tUachtarán*

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Treoirlínte eiticiúla do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa



12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
**T** +352 4398-1 **E** eca-info@eca.europa.eu **eca.europa.eu**

# Intreoir ón Uachtarán



A chomhghleacaithe, a chairde,

Tugaimid go léir aghaidh ar chásanna go rialta lena n-éilítear go ndéantar cinntí agus roghanna maidir leis an gcaoi ar cheart dúinn muid féin a iompar ionas go gcomhlíonaimid ár rialacha agus ár bprionsabail eiticiúla. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn cinneadh a dhéanamh maidir le glacadh le cuireadh lóin ó iniúchaí, nó maidir le faisnéis a d'iarr comhghleacaí a nochtadh. Is é is aidhm don doiciméad seo ná treoraíocht a thabhairt agus forléargas soiléir a chur ar fáil ar na rialacha agus prionsabail ábhartha, a dhéanfar a chomhlánú le samplaí praiticiúla chun cur i bhfeidhm lena n-aghaidh a éascú.

Cé go bhfuil na treoirlínte seo againn chun tacú leat agus chun comhairle mhionsonraithe a chur ar fáil duit, tá gach cás uathúil. Ní féidir le haon riail amháin gach imthoisc a chlúdach, bíonn sé deacair uaireanta an gníomh réasúnach a chinneadh. Nuair a bhíonn ort déileáil le ceist eiticiúil, is féidir leat roinnt bearta a ghlacadh: gach gné ábhartha den fhadhb a anailísiú; dul i gcomhairle leis na treoirlínte; an cás a phlé le d'ordlathas nó dul i gcomhairle le comhairleoirí eiticiúla na Cúirte. Ní chaithfidh tú na saincheisteanna seo a réiteach leat féin, tá tacaíocht i gcónaí le fáil.

Le chéile, is féidir linn go léir cur le cultúr eiticiúil láidir inár n-institiúid.



Tony Murphy
An tUachtarán

# Réamhrá

**01** Leagtar amach na rialacha a rialaíonn iompar Chomhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus daoine den fhoireann sa Chonradh[1], na Rialacha Foirne[2], agus rialacha agus cinntí inmheánacha na Cúirte agus an Ardrúnaí[3]. Tá na rialacha seo ceangailteach, agus má sháraítear iad, d'fhéadfadh smachtbhannaí a bheith ina chúis. Ina theannta sin, cloíonn an Chúirt, mar institiúid iniúchóireachta, go hiomlán le Cód Eitice an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI), a chuireann sraith luachanna agus prionsabail ar fáil ar cheart do dhaoine den fhoireann a n-iompar a bhunú orthu.

**02** Is é Misean na Cúirte, mar a shainmhínítear ina Straitéis 2021-25, ná: "[t]rínár gcuid oibre iniúchóireachta, atá neamhspleách, proifisiúnta agus a bhfuil tionchar aici, déan barainneacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, dlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíochtaí an Aontais a mheas chun feabhas a chur ar chuntasacht, trédhearcacht agus bainistíocht airgeadais. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir muinín na saoránach a fheabhsú agus freagairt go héifeachtach do na dúshláin atá roimh an Aontas faoi láthair agus a bheidh roimhe amach anseo".

**03** Chun a bheith mar iniúchóir seachtrach neamhspleách ar airgeadas poiblí, ní mór a mheas go bhfuil an Chúirt iontaofa agus inchreidte i ndáil leis an obair ar fad a dhéanann sí. Ní mór di feidhmiú mar eagraíocht shamplach, agus ba cheart di eiticí agus luachanna eiticiúla i ngach gné dá gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus a choimirciú. Is féidir linn go léir atá ag obair ag an gCúirt cur le muinín a chothú ina geallsealbhóirí, ina hiniúchaithe, agus ina saoránaigh AE, trí iompar ar bhealach eiticiúil agus aon chás a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ón institiúid a sheachaint, fiú tar éis dúinn an Chúirt a fhágáil.

**04** Tá an chéad chuid de na treoirlínte eiticiúla seo bunaithe ar na luachanna, prionsabail agus iompair a chaithfimid leanúint i gcomhréir le ISSAI 130, agus díríonn an dara cuid ar na hoibleagáidí do státseirbhísigh a thagann ó na Rialacháin Foirne. Tá feidhm ag an gcéad chuid maidir le Comhaltaí agus gach duine eile den fhoireann, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht, oiliúnaithe, oibrithe eatramhacha, agus conraitheoirí inmheánacha atá ag obair ar áitreabh na Cúirte. Tá feidhm ag an dara cuid

[1] An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (Airteagail 285 agus 286).

[2] Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

[3] Tá rialacha agus cinntí inmheánacha ar fad ar fáil ar an leathanach atá tiomnaithe Eitice ar inlíon na Cúirte.

maidir le daoine den fhoireann atá clúdaithe ag na Rialacháin Foirne[4] agus, de réir analaí, maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus oiliúnaithe. Leagtar amach na ceanglais eiticiúla a bhfuil feidhm acu maidir le Comhaltaí sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Rialacha Nós Imeachta na Cúirte agus na Rialacha Cur Chun Feidhme lena mbaineann, agus an Cód Iompair do na Comhaltaí agus Iarchomhaltaí na Cúirte.

**05** Is é is cuspóir do na treoirlínte seo ná cabhrú linn a áirithiú go mbeidh ár gcinntí agus ár ngníomhaíochtaí ar fad bunaithe ar na luachanna a sainmhínítear i straitéis CIE, agus go gcomhlíonfaidh siad na prionsabail a leagtar síos ag Cód INTOSAI agus na hoibleagáidí a eascraíonn as na Rialacháin Foirne. Is iad seo na luachanna: neamhspleáchas, ionracas, oibiachtúlacht, trédhearcacht agus gairmiúlacht.

**06** Leagtar amach sa doiciméad seo prionsabail treoraíochta, ach tá sé de dhualgas ar gach duine dul i dtaithí le ceanglais eitice na Cúirte agus iad a chur i bhfeidhm, chun freagairt ar an mbealach is oiriúnaí do gach dúshlán eiticiúil a d’fhéadfadh a bheith rompu. Tríd an méid seo a dhéanamh, moltar duit breithiúnas maith agus ciall a úsáid, agus, más gá, comhairle a lorg agus labhairt go hoscailte le bainisteoirí[5], agus le comhghleacaithe eile agus le comhairleoirí eitice.

**07** Tá freagracht ar leith ar Chomhaltaí agus ar bhainisteoirí sinsearacha i réimse eitice, ós rud é gurb iadsan a leagann síos an chaoi a mbíonn cúrsaí ag barr agus, trína sampla, bíonn tionchar suntasach acu ar chultúr na hinstitiúide.

# Luachanna agus prionsabail eiticiúla

## Neamhspleáchas

Déanaimid ár gcuid dualgas saor ó aon tionchar a d’fhéadfadh ár mbreithiúnas gairmiúil a chur i mbaol, nó a d’fhéadfaí a mheas mar thionchar a chuireann ár mbreithiúnas gairmiúil i mbaol.

**08** Tá sé bunriachtanach go bhfuil neamhspleáchas na Cúirte go huile is go hiomlán cinnte. Ba cheart duit féin a iompar ar bhealach a chuireann muinín inár neamhspleáchas chun cinn, a áirithiú go bhfuil tú saor ó imthosca nó tionchair a

[4] Oifigigh foireann shealadach, agus foireann ar conradh. Áirítear leis seo an tArd-Rúnaí freisin.

[5] Ag an CIE, tagraítear le ‘bainisteoirí’ do na Comhaltaí, don Ardrúnaí, do na Stiúrthóirí, do Phríomhbhainisteoirí agus do Cinn *Oifig.*

chuireann do bhreithiúnas gairmiúil i mbaol, nó a d’fhéadfaí do bhreithiúnas gairmiúil a chur i mbaol.

**09** Tá neamhspleáchas comhdhéanta de dhá ghné: neamhspleáchas de réir fíorais agus neamhspleáchas de réir cumais. Ní mór duit a bheith in ann do dhualgais a dhéanamh gan a bheith buailte ag caidrimh a d’fhéadfadh/nó a d’fhéadfadh an cuma a bheith air tionchar a imirt ar do bhreithiúnas gairmiúil agus é a chur i mbaol. Thairis sin, ba cheart duit gan imthosca a chruthú a bheadh ina cúis le tríú pháirtí réasúnta, a bhfuil eolas acu ar an bhfaisnéis ábhartha, a bheith amhrasach faoin ionracas, oibiachtúlacht, nó sceipteachas gairmiúil atá agat, nó teacht ar an gconclúid go raibh siad curtha i mbaol.

**10** Ní mór duit gan glacadh le haon ord nó treoracha ó aon rialtas, údarás, eagraíocht nó duine lasmuigh den Chúirt. Más rud é go bhfuil tú ar iasacht d'eagraíocht eile, féadfaidh tú glacadh lena treoracha, má chomhlíonann siad na ceanglais eiticiúla is infheidhme d’fhoireann CIE, agus mura dtagann siad salach ar bheartais ná ar phoist eile de chuid CIE.

## Ionracas

Gníomhaímid go hionraic agus go hiontaofa, agus go huile agus go hiomlán ar son leas poiblí an Aontais. Tá sé mar aidhm againn ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla san obair ghairmiúil a dhéanaimid agus sa chaoi a ndéanaimid ár n-institiúid a bhainistiú.

**11** Tá CIE tiomanta freastal ar leasanna shaoránaigh an Aontais a fhónamh, a bhfuil súil acu le seirbhísí iniúchóireachta ardcháilíochta agus le riarachán inrochtana.

**12** Ní mór acmhainní na Cúirte a bhainistiú ar bhealach airgeadais atá dlíthiúil, rialta agus fónta. Ba cheart dó a bheith mar eiseamláir le haghaidh bainistíocht airgeadais, i mbun lán oibríochta i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus rialacha eile is infheidhme; agus ní mór dó a cuspóirí a bhaint amach ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil, agus éifeachtach.

**13** Ní mór duit dá bhrí sin na dlíthe, rialacháin, beartais, nósanna imeachta agus caighdeáin uile is infheidhme a chomhlíonadh. Bíodh sé mar chuspóir agat a thaispeáint gur duine iontaofa tú, agus seachain aon iompair a d’fhéadfadh míchlú a tharraingt ar an institiúid.

**14** Gníomhú ar bhealach a chosnaíonn leasanna na hinstitiúide. Dá réir sin, níor cheart duit glacadh le horduithe aon rud mídhleathach nó neamheiticiúil a dhéanamh.

## Oibiachtúlacht

Táimid neamhchlaonta agus neamhleatromach, agus bunaímid ár gconclúidí iniúchóireachta ar fhianaise atá leordhóthanach, ábhartha agus iontaofa.

**15** Is éard atá i gceist le hoibiachtúlacht ná an meon meabhrach a chur ar chumas daoine gníomhú ar bhealach neamhchlaonta agus neamhlaofa, nithe a chur i láthair nó a mheas ar bhonn fíricí seachas ar a mothúcháin agus leasanna féin, agus gan breithiúnas a chur faoi réir daoine eile.

**16** Ní mór duit aon choinbhleachtaí leasa a sheachaint, is cuma más fíor, féideartha nó dealraitheach iad. Is féidir coinbhleachtaí teacht as caidrimh le gaoil teaghlaigh nó gaoil phearsanta, coibhneas polaitiúil nó náisiúnta, leasanna eacnamaíocha nó suim choiteann le tríú páirtí. Ní mór duit súil ghéar a choinneáil ar ábhair den sórt sin, agus ar an gcaoi a d'fhéadfadh daoine ón taobh amuigh iad a mheas. Ní bhaineann coincheap na coinbhleachta leasa amháin le cásanna ina bhfuil leas príobháideach ag an mball foirne a raibh tionchar aige ar a neamhchlaontacht agus ar a n-oibiachtúlacht, ach baineann sé freisin le cásanna inar féidir an leas sainaitheanta an cuma a bheith air go bhfuil tionchar ar na nithe seo i súile an phobail. Sula gcuirtear tús le sannadh iniúchóireachta, tionscadal nó nós imeachta soláthair, ba cheart duit do bhainisteoir a chur ar an eolas faoi aon choinbhleacht nó faoi aon choimhlint dhealraitheach den sórt sin.

**17** Níor cheart do dhaoine iniúchóireacht a dhéanamh ar an réimse céanna thar thréimhse rófhada, chuige sin, tá beartas maidir le sealaíocht foirne curtha ar bun ag CIE (DEC 039/21).

**18** Níor cheart duit gabháil le gníomhaíochtaí lasmuigh den Chúirt ach amháin i gcásanna a údaraítear ag Cód Iompair do Chomhaltaí na Cúirte, agus na Rialacháin Foirne, d'fhoireann CIE, aird á tabhairt i gcónaí ar do dhualgas dílseachta don institiúid. Fan amach go háirithe ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do cháil na Cúirte, amhras a chaitheamh ar do neamhchlaontacht nó cur isteach ar do chuid oibre.

**19** Ní mór duit gan glacadh, duit féin nó thar cheann daoine eile, bronntanais nó sochair eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt, nó a bhfuil sé i gceist acu tionchar a imirt nó a d'fhéadfaí a mheas go bhfuil tionchar acu ar do chuid oibre.

**20** Baineann dlúthchaidreamh[6] idir bainisteoir díreach nó indíreach nó maoirseoir agus duine den fhoireann tuairiscithe an bonn ó oibiachtúlacht an mhaoirseora agus is ionann é agus coinbhleacht leasa.

## Trédhearcacht

| |
|---|
| Cuirimid ár bhfionnachtana in iúl i dtuarascálacha atá soiléir, cuimsitheach agus inrochtana a fhoilsítear i dteangacha uile an Aontais, agus a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí. |

**21** Tá beartas cumarsáide oscailte inmheánaí agus seachtraí ag an gCúirt. Tá éifeacht dhearfach ag oscailteacht ar chomhar. Ní mór faisnéis ábhartha a roinnt le daoine eile ar bhonn riachtanais: ba cheart duit a bheith feasach faoin bhfaisnéis atá agat agus cé acu de do chomhghleacaithe a d'fhéadfadh an fhaisnéis a bheith ag teastáil uathu ina gcuid oibre.

**22** Ní mór comhroinnt fhaisnéise, trédhearcacht agus cuntasacht a bheith cothromaithe go hiomchuí in aghaidh dualgais rúndachta i dtaca le do chuid oibre. Ní mór duit bearta a ghlacadh chun faisnéis i gcomhréir le dualgas rúndachta a chosaint, a mbeidh feidhm aici fós fiú tar éis duit an institiúid a fhágáil.

**23** Agus faisnéis á roinnt lasmuigh de CIE, bí cúramach i gcónaí; ná bíodh drogall ort dul i gcomhairle le do bhainisteoir agus leis an roinn atá i gceannas cumarsáid, nó le OCS nó ISO).

**24** Ní mór daoine den fhoireann aon iarraidh ó iriseoir a tharchur chuig roinn phreas-seirbhís na Cúirte.

**25** I gcás iarratas míchuí ar fhaisnéis nó i gcás gearán míchuí (e.g. iad siúd atá athráiteach, a bhfuil easpa céille leo, scríofa ar bhealach mímhúinte, nó atá dréachtaithe ar bhealach borb), déanfaimid iad a dhiúltú i dtéarmaí atá dea-bhéasach ach láidir, agus údar cuí a thabhairt i gcónaí. Ní mór do dhaoine den fhoireann CIE staonadh ó ghearáin mhíchuí a dhéanamh.

---

[6] Dlúthchaidreamh nó dlúthchairdeas.

## Gairmiúlacht

I gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta, déanaimid na leibhéil is airde eolais, saineolais agus scileanna a bhaineann le gairm na hiniúchóireachta poiblí, agus a bhaineann le bainistíocht airgeadais agus bainistiú beartais san Aontas Eorpach, a shealbhú, a fhorbairt agus a chothabháil.

**26** Ba cheart duit an t-eolas agus na scileanna nach mór duit a bheith agat chun gníomhú go proifisiúnta agus i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme, agus le nósanna imeachta dlíthiúla agus oibríochtúla a fháil agus a chothabháil. Ba cheart duit a bheith ag obair ar bhealach cúramach, cruinn agus tráthúil a chomhfhreagraíonn le riachtanais do thascanna.

**27** Tá freagracht ar leith ag bainisteoirí maidir le riachtanais oiliúna foirne a shainaithint. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha gairmiúla do dhaoine aonair sa chóras measúnaithe ar fheidhmíocht an phearsanra. Déanfaidh na comhaltaí agus na bainisteoirí bearta chun a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann agus comhdheiseanna ina bhforbairt ghairmiúil do dhaoine den fhoireann go léir.

**28** Déan comhar gairmiúil agus pearsanta a chothú, agus bí oscailte agus sásta eolas a roinnt agus cabhrú le do chomhghleacaithe ó stiúrthóireachtaí agus ranna eile na Cúirte. Bíodh meas agat ar thuairimí daoine eile agus glacadh le heasaontú réasúnach i do chuid oibre. Ní mór aiseolas a thabhairt ar bhealach urramach, cothrom agus inchiallaithe.

**29** Tá freagracht ar leith ag Comhaltaí, an Ardrúnaí agus bainisteoirí uile chun timpeallacht oibre mhaith a chur chun cinn, atá riachtanach chun cuspóirí na Cúirte a bhaint amach agus chun sásamh daoine den fhoireann a áirithiú. Ní mór a áireamh leis seo aon chineáil idirdhealaithe a sheachaint, a chloíonn le beartas CIE maidir le háit oibre urramach, chuibhiúil agus saor ó chiapadh a áirithiú, agus tacaíocht ghníomhach a thaispeáint do bheartas éagsúlachta agus cuimsithe ag an gCúirt.

**30** Agus ag déileáil leis an bpobal, déan tiomantas, inniúlacht, cúirtéis agus cuidiúlacht a léiriú. Ní mór iarraidh ar fhaisnéis a chomhlíonadh láithreach le foirm admhála fála. Ní mór freagraí a bheith scríofa sa teanga a d’úsáid an t-iarrthóir, ar choinníoll gur teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í, agus ní mór iad a sheoladh go ginearálta laistigh de chúig lá oibre dhéag. Mura féidir é seo a dhéanamh, déan freagra sealadach a sheoladh a thugann teorainn ama réasúnta le haghaidh freagra a fháil ar ais.

31 Ní mór dúinn fógra i scríbhinn faoi aon chinneadh a dhéanann difear do chearta agus leasanna daoine aonair a chur ar fáil ar an bpointe (e.g. cúrsaí foirne amhail arduithe céime, ceapacháin, nó cearta airgeadais), ar an gcéad dul síos, do na daoine sin lena mbaineann go díreach. Ba cheart go luafaí san fhógra na féidearthachtaí maidir le hagóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh, na gcomhlachtaí chun achomharc a dhéanamh chucu, agus na spriocdhátaí faoina gcaithfidh sé seo a bheith déanta (go háirithe, comhlachtaí breithiúnacha agus an tOmbudsman).

## Oibleagáidí eiticiúla daoine den fhoireann CIE mar státseirbhísigh an Aontais

32 Leagtar amach i dTeideal II de na Rialacháin Foirne cearta agus oibleagáidí na n-oifigeagh agus seirbhíseach eile den Aontas. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar chuid de na rialacháin seo thíos, le tásca ar an gcaoi ar féidir na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Déantar roinnt oibleagáidí a fhorbairt tuilleadh i ndoiciméid, cinntí agus beartais eile, dá dtagraítear sna treoirlínte seo i gcás inar féidir. Chun iompar i gcomhréir le ceanglais eiticiúla de na Rialacháin Foirne a ráthú, ba cheart duit na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh ag gach tráth.

33 Faichill: déan dínit do sheasamh a choinneáil i gcónaí, agus machnamh a dhéanamh ar impleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag do chuid gníomhaíochtaí agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le gan gníomhú, agus méid ceart modhnóireachta agus srianadh agus tuiscint chuí ar chion i gcónaí a léiriú i ngach rud a deir tú nó a dhéanann tú.

34 Dílseacht: tá tú faoi cheangal dualgas dílseachta don institiúid agus don Aontas Eorpach. Is cuid ríthábhachtach í seo den mhéid a chuireann tú le misean na Cúirte agus le feidhmiú cuí na hinstitiúide.

35 Meas: is é sin an bunús le haghaidh muiníne, sábháilteachta agus folláine, agus is colún é de chultúr corparáideach na Cúirte.

36 Tuiscint ar an bhfreagracht: do chúraimí a dhéanamh chomh díograiseach agus is féidir, réitigh a lorg nuair a thagann deacrachtaí chun cinn. Fios a bheith agat ar do chuid oibleagáidí dlíthiúla agus na rialacha agus nósanna imeachta riaracháin a ghabhann leo agus iad a urramú.

37 Trédhearcacht agus cuntasacht: ní mór duit a bheith in ann na cúiseanna do chinntí agus do ghníomhaíochtaí a mhíniú.

## Iompar ginearálta

**Airteagal 12 de na Rialacháin Foirne.**

*"Staonfaidh oifigeach ó aon bheart nó iompar arbh fhéidir go gcuirfeadh siad droch-chuma ar a phost."*

**38** Ní mór duit staonadh ó aon ghníomhaíocht ná iompar a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar státseirbhís an Aontais. Tá feidhm leis seo agus tú san áit oibre agus lasmuigh den áit oibre. D'fhéadfadh imeachtaí araíonachta a bheith mar thoradh ar ghníomhartha nó iompar do-ghlactha.

## Coinbhleacht leasa a sheachaint

**Airteagal 11 de na Rialacháin Foirne.**

**39** *Ní dhéanfaidh oifigeach, agus é ag déanamh a dhualgas agus seachas mar a fhoráiltear níos faide anonn, ábhar a láimhseáil lena mbainfidh a leas pearsanta, go díreach nó go neamhdhíreach, a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas, agus, go háirithe, leas teaghlaigh nó airgeadais.* Ba cheart duit coinbhleachtaí leasa, nó aon chuma choinbhleachta leasa a sheachaint, chun cosc a chur ar líomhaintí laofachta agus claontachta más rud é go bhfuil tú páirteach i gcinnteoireacht. Más rud é go bhfuil baint agat le cás coinbhleachta leasa fíor nó dealraitheach (i.e. iarrtar ort cinneadh a dhéanamh maidir le hábhar ina bhfuil suim phearsanta agat ann a d'fhéadfadh do neamhchlaontacht a chur i mbaol), ba cheart duit do bhainisteoir a chur ar an eolas faoi, a dhéanfaidh an t-ábhar a tharchur chuig an Ard-Rúnaí más gá. Dá réir sin, féadfaidh tú an tArdrúnaí a chur ar an eolas go díreach i scríbhinn. I gcás den sórt sin, d'fhéadfaí tú a scaoileadh go sealadach ó na dualgais sin as a n-éiríonn coinbhleacht leasa.

**40** Oibleagáidí breise eascraíonn as forálacha sna Rialacháin Foirne atá ceaptha cásanna coinbhleachta leasa a sheachaint:

(1) Déan fostaíocht íoctha do chéile nó do pháirtí a dhearbhú (Airteagal 13 de na Rialacháin Foirne, foirm dhearbhúcháin ag an Tairseach AD).
(2) Réamhúdarú a lorg le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha le linn seirbhíse gníomhaí nó saoire ar fhorais phearsanta (Airteagal 12b de na Rialacháin Foirne, Fógra Foirne 152/2021, foirm dhearbhúcháin ag an Tairseach AD)
(3) Réamhúdarú a lorg le haghaidh aon ghníomhaíocht ghairme a bheidh le déanamh laistigh de dhá bhliain tar éis an tseirbhís a fhágáil (Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, Fógra Foirne 152/2021, foirm dhearbhúcháin ag an Tairseach AD)

(4) Dearbhaigh go bhfuil sé ar intinn seasamh in oifig phoiblí (Airteagal 15 de na Rialacháin Foirne, foirm dhearbhúcháin ag an Tairseach AD)
(5) Dearbhaigh go bhfuil sé ar intinn aon ábhar a dhéileálann le hobair an Aontais (Airteagal 17a de na Rialacháin Foirne, foirm dhearbhúcháin ag an Tairseach AD)

## Teorainneacha ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh

**Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne.**

*"Staonfaidh oifigeach ó aon nochtadh neamhúdaraithe faisnéise a fuair sé agus a chúraimí á ndéanamh aige, murab é gur nochtadh an fhaisnéis sin don phobal cheana nó go bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi."*

**41** Ní mór duit cloí le beartas slándála faisnéise na Cúirte, na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint, an beartas aicmithe faisnéise agus treoirlínte. Chomh maith leis sin, ní mór duit cloí leis na forálacha Rialachán 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí an Aontais agus na rialacha inmheánacha uile lena mbaineann. I gcás amhrais, ba cheart duit dul i gcomhairle le hOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) na Cúirte nó Oifigeach Slándála Faisnéise (ISO).

**42** Agus tuairimí á gcur in iúl, ní mór duit prionsabail na dílseachta agus na srianta a urramú, go háirithe nuair atá éagsúlacht ar bhealach follasach ó bheartais nó sheasaimh dhearbhaithe na hinstitiúide. Tá sé seo bailí go háirithe i gcás bainisteoirí. Ní mór aon tuairimí maidir le gníomhaíochtaí an Aontais a chur in iúl le modhnóireacht agus faoi do fhreagracht féin amháin.

**43** Beag beann ar an meán a úsáidtear chun tuairim phearsanta maidir le gníomhaíochtaí an Aontais a chur in iúl, ba cheart é a úsáid i gcáil phríobháideach, agus é a dhéanamh soiléir go bhfuil na ráitis agus tuairimí pearsanta. Thairis sin, ba cheart duit gníomhú ar bhealach freagrach agus staonadh ó aon ghníomhaíocht nó ráitis a d'fhéadfadh dochar díobhálach a léiriú ar do sheasamh nó ar CIE (Airteagal 12 de na Rialacháin Foirne).

## Bronntanais agus fáilteachas

**Airteagal 11, an dara mír, de na Rialacháin Foirne.**

*"Ní dhéanfaidh oifigeach, gan cead a fháil ón údarás ceapacháin, aon onóir, oirneas, fabhar, bronntanas ná íocaíocht de chineál ar bith, seachas i leith seirbhísí a thug sé sular ceapadh é nó le linn saoire speisialta i gcomhair seirbhíse míleata nó i gcomhair seirbhíse*

*náisiúnta eile agus i ndáil leis an tseirbhís sin a ghlacadh ó aon rialtas nó ó fhoinse ar bith eile lasmuigh den institiúid lena mbaineann sé."*

**44** Mar riail, ba cheart bronntanais a tairiscítear i dtimpeallacht ghairmiúil, a bhfuil níos mó ná luach siombalach acu a dhiúltú. I gcásanna eisceachtúla, (mar shampla má éilíonn cúirtéis shóisialta é, nó más rud é, ar chúiseanna cultúrtha nó taidhleoireachta go bhféadfaí míthuiscint a bhaint as diúltú), agus más rud é nach bhfuil aon riosca do leasanna agus íomhá phoiblí na Cúirte, féadfar glacadh le bronntanais nó lónadóireacht le luach níos lú ná 50 euro gan cead a fháil ar dtús. Féadfar glacadh le bronntanais ar luach idir 50 agus 150 le cead an Údaráis Údarúcháin, a dhéanfaidh na tosca seo a leanas a mheas:

(1) cineáil eintitis a thairgeann an bronntanas, agus líon na bhfabhar nó na mbronntanas a fuarthas roimhe seo ón bhfoinse chéanna;
(2) an cuspóir dealraithe taobh thiar den bhronntanas;
(3) an nasc idir an t-eintiteas a thairgeann an bronntanas agus CIE;
(4) aon impleachtaí do leasanna na Cúirte;
(5) an duine nó na daoine dá dtairgtear an bronntanas, agus a ndualgais;
(6) an cineál agus luach measta an bhronntanais.

**45** Ní thabharfar cead i gcás bronntanais ar luach measta níos mó ná 150 euro iad. Ba cheart duit bronntanais charnacha, fiú iad siúd ar luach níos lú ná 50 euro agus beag beann ar an bhfoinse, ós rud é gur féidir é seo coinbhleacht leasa a ghiniúint.

**46** Ní mór bronntanais airgid a dhiúltú i gcónaí.

**47** Is féidir glacadh le tairiscintí lónadóireachta, amhail lónta oibre nó dinnéir oibre a bhfreastalaíonn an duine orthu agus iad i mbun a gcuid dualgas, ar choinníoll nach bhfuil riosca coinbhleachta leasa ann, is cuma más fíor é nó coinbhleacht leasa a mheastar a bheith ann. Ba cheart glacadh le misin sa chás go gclúdófar na costais ó fhoinse sheachtrach ar choinníoll go bhfuil siad ar mhaithe leis an tseirbhís agus mura bhfuil riosca aon choinbhleacht leasa dháiríre nó dhealraitheach.

**48** Más rud é gur gá duit bronntanas a dhiúltú, déan é ar bhealach stuama agus dea-mhúinte ach daingean, más gá déan tagairt do na hoibleagáidí ag teacht ó na Rialacháin Foirne agus na treoirlínte seo.

## Oibleagáidí chun cabhrú le hoifigigh uachtaracha agus chun treoracha a leanúint

**Airteagail 21 agus 21a de na Rialacháin Foirne.**

*"Cabhróidh oifigeach lena oifigeach uachtaracha agus tabharfaidh sé comhairle dóibh, is cuma cén céim thosaíochta atá aige, beidh sé freagrach as feidhmíocht na ndualgas a sannadh dó.*

*[...]*

*Má fhaigheann oifigeach orduithe atá neamhrialta, dar leis, nó ar dócha a dtiocfaidh deacrachtaí tromchúiseacha astu, cuirfidh sé an garoifigeach uachtarach faoi sin agus tabharfaidh an t-oifigeach sin, má tugadh an fhaisnéis i scríbhinn, freagra i scríbhinn uirthi. Faoi réir mhír 2, má dhearbhaíonn an garoifigeach uachtarach na horduithe agus go gcreideann an t-oifigeach nach freagra réasúnta é an dearbhú sin ar fhoras a ábhair imní, cuirfidh an t-oifigeach an cheist ar aghaidh i scríbhinn chuig an údarás ordlathach díreach os a chionn. Má dhearbhaíonn an t-údarás sin na horduithe i scríbhinn, cuirfidh an t-oifigeach i gcrích iad ach amháin más léir go bhfuil siad mídhleathach nó más sárú ar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha iad.*

**49** Cabhróidh tú le d'oifigigh uachtaracha agus tabharfaidh tú comhairle dóibh, agus ní mór duit treoracha a leanúint seachas i gcás go bhfuil siad neamhdhleathach. Is tusa a bheidh freagrach as na dualgais a shannfar dó. Tá fáilte romhat, áfach, agus fiú moltar duit moltaí agus cáineadh cuiditheach a thairiscint.

## Caidreamh le comhghleacaithe

**Airteagal 12a de na Rialacháin Foirne.**

*"Staonfaidh oifigigh ó gach cineál ciaptha, idir shíceolaíoch agus ghnéis."*

**50** Tá timpeallacht oibre atá bunaithe ar chomhoibriú éifeachtach agus éifeachtúil ag brath ar chomh-mheas i measc comhghleacaithe, ar chaoinfhulaingt na ndifríochtaí agus ar chumarsáid bhéasach shoiléir, beag beann ar stádas ordlathach.

**51** Tá neamhfhulaingt ag an gCúirt d'aon chineáil ciaptha síceolaíoch agus gnéis.

**52** Ní mór duit gan an bonn a bhaint ó dhínit do chomhghleacaithe trí iompraíocht mhíchuí nó teanga ionsaitheach nó chlúmhillteach ar bhealach ar bith. D'fhéadfadh gníomhaíocht araíonachta a bheith mar thoradh ar iompraíocht mhíchuí nó ionsaitheach.

## Fianaise in imeachtaí breithiúnacha a thabhairt

**Airteagal 19 de na Rialacháin Foirne.**

*"Ní dhéanfaidh oifigeach, gan cead ón údarás ceapacháin, faisnéis a bheidh ar eolas aige de bharr a dhualgas, a nochtadh, ar aon chúis in aon imeachtaí dlíthiúla. Ní dhiúltófar cead a thabhairt ach amháin má theastaíonn sin de réir leasanna an Aontais agus nach mbeadh iarmhairtí coiriúla ann don oifigeach mar thoradh ar dhiúltú den sórt sin.*

**53** Má iarrtar ort fianaise in imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le do chuid oibre a thabhairt, ní mór duit údarú ón Údarás Údarúcháin a lorg ar dtús, ach amháin má dhéanann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó an Bord Araíonachta é a ghairm. Bheadh feidhm leis seo freisin maidir le nósanna imeachta atá comhchosúil le himeachtaí breithiúnacha amhail eadráin, ina bhféadfaí iallach a chur ar fhinnéithe a bheith i láthair in imeachtaí Cúirte. Deonófar an t-údarú sin i bprionsabal. Nuair atá údarú deonaithe ag an údarás inniúil, cuirfear in iúl duit gur tarscaoileadh do dhíolúine.

## Éagóir tromchúiseach a thuairisciú (sceithireacht)

**Airteagal 22a agus 22b de na Rialacháin Foirne.**

*"1. Aon oifigeach a thiocfaidh ar fhíricí, le linn dó a chuid dualgas a dhéanamh nó ar bhealach a bhaineann leo, as a dtiocfaidh an toimhde go bhfuil gníomhaíocht mhídhleathach ann, lena n-áirítear calaois nó éilliú, a dhéanann dochar do leas an Aontais, nó go bhfuil iompar ann a bhaineann le déanamh dualgas gairmiúil ar féidir gur mainneachtain thromchúiseach é ar chomhlíonadh oibleagáidí oifigeach de chuid an Aontais, cuirfidh sé an garoifigeach uachtarach nó a Ard-Stiúrthóir, nó, má mheasann sé go bhfuil sé úsáideach, an tArd-Rúnaí, nó daoine ag a bhfuil post comhionann, nó an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) go díreach ar an eolas faoi sin láithreach.*

*2. Aon oifigeach a fuair an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tarchuirfidh sé láithreach chuig OLAF aon fhianaise a bhfuil sé ar an eolas faoi, as ar féidir an tuairim a theacht go bhfuil na mírialtachtaí dá dtagraítear i mír 1 ann.*

*3. Ní thiocfaidh aon drochéifeachtaí ar oifigeach ón institiúid mar gur chuir sé an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 in iúl, ar choinníoll gur ghníomhaigh sé go réasúnta ionraic."*

**54** Mura bhfuil tú cinnte an léiríonn fíricí a bhfuil tú ar an fúthu gur mírialtacht thromchúiseach atá iontu, ach go bhfuil amhras ort gur léir gur mí-iompar neamheiticiúil atá ann, féadfaidh tú iad a thuairisciú do d'oifigigh uachtaracha nó don Ardrúnaí freisin. Féadfaidh tú comhairle a lorg freisin ó chomhairleoirí eiticiúla na Cúirte.

**55** Tá freagracht ar leith ar Chomhaltaí agus ar Bhainisteoirí na Cúirte chun cabhrú le daoine den fhoireann a chosaint a chuireann éagóir in iúl agus a thuairiscíonn é sna téarmaí a chosaint a shonraítear sna Rialacháin Foirne.

**56** Tá treoraíocht mhionsonraithe glactha ag an gCúirt maidir le héagóir tromchúiseach a thuairisciú. Tá sé seo le fáil ar an leathanach Eitice ar an inlíon.

## Dualgas le bheith ar fáil don institiúid

**Airteagail 20, 55 agus 60 de na Rialacháin Foirne.**

*"Cónóidh oifigeach san áit ina bhfuil sé fostaithe nó in áit nach faide ón áit oibre atá ag teacht le déanamh ceart a dhualgas. Tabharfaidh an t-oifigeach fógra don Údarás Ceapacháin faoina sheoladh agus cuirfidh sé ar an eolas é láithreach faoi aon athrú seolta."*

*"Beidh oifigigh a bheidh i bhfostaíocht ghníomhach faoi réir ag a n-institiúid i gcónaí."*

*"Cé is moite de chás tinnis nó tionóisce, ní fhéadfaidh oifigeach a bheith as láthair gan cead a fháil roimh ré ón ngaroifigeach uachtarach. [...] Más mian le hoifigeach a shaoire thinneas a chaitheamh in áit seachas an áit ina bhfuil sé fostaithe, gheobhaidh sé cead é sin a dhéanamh roimh ré ón údarás ceapacháin.*

**57** Ní hionann an oibleagáid a bheith ar fáil don CIE i gcónaí agus an infhaighteacht a bheith ag obair an t-am ar fad, ach inrochtaineacht a bheith ag an institiúid ag aon am i gcás gá práinneach. Áirítear leis seo na ceanglais chónaitheachta a leagtar amach in Airteagal 20 de na Rialacháin Foirne i gCinneadh 61-2021 a chomhlíonadh. Chun a áirithiú go bhfuil inrochtaineacht agat don institiúid, ba cheart duit do sheoladh agus uimhir phóca phríobháideach a chur ar fáil, nach n-úsáidfí ach amháin i gcás éigeandála, nó nuair a theastaíonn ón institiúid a dualgas cúraim a fheidhmiú duit. Ciallaíonn an oibleagáid seo freisin an ceanglas chun údarú a iarraidh chun saoire bhreoiteachta a chaitheamh taobh amuigh den áit fhostaíochta a chomhlíonadh (seachas i gcásanna éigeandála nó dodhéantacht é sin a dhéanamh), aird á tabhairt ar na huaireanta oibre oifigiúla, an gnáth seachtain oibre agus na gnáthshocruithe maidir le saoire agus teilea-obair, agus gan a bheith as láthair ón obair gan cead ná údar maith.

## Neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn ó na Rialacháin Foirne

**Féach Airteagal 86 agus Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne.**

*In aon chás nach gcomhlíonfaidh oifigeach nó iaroifigeach a chuid oibleagáidí faoi na Rialacháin Foirne seo, d'aon ghnó nó le faillí dá chuid féin, dlífear gníomh araíonachta a dhéanamh ina choinne.*

**58** I gcás ina bhfuil amhras ann gur theip ar bhall foirne reatha nó iarbhall foirne a n-oibleagáidí faoi Rialacháin Foirne a chomhlíonadh, bíodh sé d’aon ghnó nó trí fhaillí, d’fhéadfaí imscrúdú riaracháin a sheoladh chun na fíricí a shuíomh. Má fhaightear in imscrúdú gur sáraíodh oibleagáid a leagtar síos sna Rialacháin Foirne, d’fhéadfadh imeachtaí araíonachta a bheith i gceist.

**59** Le linn aon imscrúdú, tá an ceart cosanta, an ceart éisteacht a fháil, agus toimhde na neamhchiontachta ag an gCúirt ag an duine/daoine lena mbaineann. Nuair a ghlacann CIE bearta araíonachta, ní chuireann sé seo bac ar a cearta chun tús a chur le himeachtaí sibhialta nó coiriúla, i gcás sáruithe dlíthe náisiúnta nó idirnáisiúnta.